




Forbhreathnú

Plean Forbartha
2014 – 2019



Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí
- seirbhís curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí

“Reading, almost as much as breathing, is our essential function.”
-Alberto Manguel (Speaker at the 2014 West Cork Literary Festival)

Ráiteas Misin

Tá sé mar sprioc ag Leabharlann Chontae Chorcaí saoránaigh na bpobal a chumasú trí rochtain a thabhairt dóibh ar acmhainní a shaibhríonn agus a chuireann lena saol agus a sholáthraíonn eolas agus oideachas, trí thacú agus trí chothú na litearthachta agus na suime sa léitheoireacht, agus trí acmhainní a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha Cho. Chorcaí a bhailiú agus a chaomhnú.

Modh

Leanfaidh Leabharlann Chontae Chorcaí ag comhlíonadh a misean trína líonra leabharlann brainse agus soghluaiste sa gcaoi go mbíonn leabharlanna i gceartlár a bpobail, agus trí láithreacht mhéadaitheach gréasáin freisin, a fhéachann le freastal ar agus nascadh le daoine i sochaí dhigiteach. Ainneoin deacrachtaí eacnamaíochta tá súil againn ár n-áit sna pobail áitiúla san am atá ag teacht a choinneáil trína bheith soiléir faoinár ról agus trí athbhreithniú leanúnach ar an mbealach a dtugann muid faoi sin. Sa bplean seo sonraítear roinnt de na céimeanna atá i gceist againn tabhairt fúthu chun an fhís seo a chur i ngníomh sna 5 bhliana romhainn.

Túsfhocal ón Méara

Tá an-chion ag úsáideoirí leabharlainne ar fud Chontae Chorcaí, ó Eochaill go Baile Chaisleáin Bhéarra go dtí An Ráth ar Leabharlann Chontae Chorcaí. Cé go bhfuil cleachtadh ag dream a úsáideann leabharlanna go rialta ar a réimse seirbhísí atá i gcónaí ag méadú ní gá go dtuigeann neamh-úsáideoirí leabharlann anois féin cé chomh tairbheach agus a d'fhéadadh an leabharlann áitiúil a bheith ina saol. Breathnaíonn sé gur fíorbheagán sa gcontae nach mbainfeadh tairbhe as a leabharlann áitiúil nuair a áirítear a mbíonn iontu ar nós insint scéalta, taispeántais, cruinnithe club leabhar, seirbhísí ar líne ar nós r-irisí agus closleabhair in-íoslódáilte chomh maith le heolas áitiúil, pobail agus saoránach agus rochtain ar sheaneagráin d'irisí agus nuachtáin. Go bunúsach cé go bhfuil leabharlanna poiblí ag síorathrú ní mór a aithint gurb é an stór iontach leabhar atá sna leabharlanna an príomhrud a tharraing na custaiméirí seasta ar ais arís agus arís anuas trína blianta. D'fhéadfadh an sásamh a bhaintear as léamh nó as breathnú tríd leabhar maith dul i bhfeidhm ar dhuine den iarraidh sin nó ar feadh a saoil. Níl aon dabht orm nach leanfaidh Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí orthu ag tabhairt eolais dár saoránaigh agus ag saibhriú a saol le linn saolré an phlean seo agus níos faide ná sin.

An Comh. Noel O'Connor
Méara Chontae Chorcaí

Túsfhocal ón mBainisteoir

Bíonn Leabharlann Chontae Chorcaí i gcónaí ar cheann de na seirbhísí is rathúla dá soláthraíonn Comhairle Contae Chorcaí, tá meas mór ag muintir Chontae Chorcaí air agus go leor úsáide á bhaint acu as. Cé go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an líon foirne, tá tréaniarracht déanta cloí leis na huairéanta oscailte. Bíonn caighdeán agus raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag síorathrú agus aithnítear na leabharlanna, mar spásanna ealaíne agus cultúrtha atá oscailte do chuile dhuine, rud a shaibhríonn gné shóisialta na bpobal áitiúil. Tá a bhuíochas sin den chuid is mó ag dul do na foirne leabharlann de bharr a solúbthacht, a dtiomantas agus díograis agus ba

mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as an obair iontach a dhéanann siad i gcónaí, go mór mór sna hamanna deacra eacnamaíochta. Gairm a thugann duine dár leabharlannaí ar obair na leabharlainne agus níl dabht ar bith orm ach go b'shin é an chaoi go díreach a bhfeiceann go leor d'fhoireann Leabharlann Chontae Chorcaí é. Chailleadh na leabharlanna cuid den atmaisféar a fhágann iad ina gcuid fhíorthábhachtach de na bailte agus sráidbhailte ar a bhfreastalaíonn siad murach chomh díograiseach leis an lucht foirne ag cothú na litearthachta agus an ghrá don litríocht, ag cuidiú le daoine teacht ar eolas agus ag obair lena bpobail ar go leor bealaí éagsúla eile. Go mba fada a leanfaidh ár leabharlanna mar fhoinse léargais sa gcontae uilig.

Tim Lucey
Bainisteoir Chontae Chorcaí

Roinnt de mholtaí an phobail faoin bplean

"Coinnigh suas an obair iontach. Áit le brí agus beocht faoin tuath in Éirinn. Ionad sóisialta in áiteanna scoite." -Florence Newman, An Scoil

"Tá Leabharlann an Chóibh thar a bheith tábhachtach domsa agus mo chlann. Níl sé ar mo chumas leabhair a cheannach ach mhairfinn ag léamh. Coinníonn léamh ag imeacht mé i mo shaol gnóthach. Úsáidim é mar mhodh tagartha agus mar fhaoiseamh. Tugaim mo pháistí ann go rialta agus ba mhaith liom a spéis san eolas a mhúscailt mar go gcuirfidh sé lena saol. Téann mo pháistí ag an leabharlann freisin lena scoil. Tá sé seo fíorthábhachtach do mo mhac a bhfuil uathachasair. Tá an fhoireann suáilceach, cuidiúil agus cuimsitheach – tréithe nach bhfeictear i gcónaí i siopaí srl do mo mhac - áit shábháilte dósan é. Ceapaim go gcuirfeadh leabharlann bréagán (bréagáin gan ceallraí) leis na seirbhísí iontacha atá ann cheana."
-Niamh Linehan, An Cóbh

"Táimse ag teacht chuig Leabharlann Dhún Mánmhaí le breis agus 20 bliain agus ní fheicim cén chaoi gur féidir an tseirbhís a fheabhsú. Tá sé díreach ceart. In éineacht le go dtugann sé luach iontach ar airgead (táim breá sásta breis a íoc más gá) ba mhaith liom féin agus daoine eile aird a dhíriú ar na tairbhí gan áireamh a fhaigheann an baile as an áis seo. Níl aon áit eile cosúil leis. Nuair a fheiceann tú an méid sin daoine agus leanaí ón oiread sin cúlraí agus creidimh agus leis an oiread sin smaointe polaitiúla ag meascadh le chéile go síochánta tugann sé údar dóchais dúinn don todhchaí sna hamanna deacra seo. Tabhair ardú pá don fhoireann!"
-K Forest, máthair beirt leanaí, Dún Mánmhaí

"Is áis iontach Leabharlann Mhainistir Fhear Maí do chuile dhuine, idir sean agus óg. Molaimse é do chuile dhuine go minic, ní amháin le haghaidh leabhair ach freisin don Idirlíon, taispeántais ealaíne agus club leabhar! Dá bhféadfainn rud amháin a mholadh sin áit caife! Bheadh sé sin iontach ar fad!"
-Fiona Kiely, Mainistir Fhear Maí

RÉAMHRÁ

Bunaíodh Leabharlann Chontae Chorcaí nuair a achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil i 1925 agus cé gur tharla athruithe go leor le 89 bliain níor athraigh na bunluachanna sóisialta, cultúrtha agus oideachasúla as a múnlaítear éiteas na seirbhíse leabharlainne poiblí. Soláthraítear an tseirbhís trí líonra soghluaiste agus brainsí, mar aon le sraith seirbhísí ar líne atá ag méadú i gcónaí. Tá na 28 leabharlann bhrainte lonnaithe sna príomhbhailte ar fud Cho. Chorcaí, ar cheann acu tá Ceanncheathrú na Leabharlainne ar Bhóthar Charraig Ruacháin, ina bhfuil an tIonad Tagartha agus Staidéir Áitiúla, seirbhísí bibleagrafaíochta agus riaracháin. Uair sa gcoicís freastalaíonn 4 leabharlann soghluaiste ar na bailte agus sráidbhailte nach bhfuil leabharlann brainse iontu agus clúdaíonn an 7,500 ciliméadar cearnach atá sa gcontae.

Réitíodh an plean leabharlainne seo le bheith in oiriúint don athrú leanúnach sa soláthar seirbhíse poiblí, mar a beartaíodh i "Tosaíocht do Dhaoine: gníomhchlár um rialtas áitiúil níos fearr agus Comhdheiseanna do Chách: an leabharlann poiblí mar chatalaíoch d'fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, ina léirítear aidhmeanna do leabharlanna poiblí ag an leibhéal náisiúnta i réimsí ar leith ar nós spás fisiceach, soláthar seirbhíse, cultúr agus an pobal, comhoibriú, comhpháirtíocht agus cothú.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal agus leis an bhfoireann agus an plean seo á chur le chéile le haiseolas a fháil faoin gcaoi a soláthraítear seirbhísí leabharlainne agus faoin gcaoi a bhféadfaí iad a fheabhsú. Bhí na moltaí a fuarthas, tá liosta iomlán in Aguisín a 1, an-fhaisnéiseach, cuiditheach agus cruthaitheach, ach thar aon rud eile thaispeáin siad chomh tábhachtach agus a bhí an tseirbhís leabharlainne do mhuintir Cho. Chorcaí.

Tá dhá chuid sa bplean, ag breathnú siar ar an méid atá bainte amach ón bplean forbartha deiridh agus ag breathnú chun cinn ar an méid is féidir a bhaint amach sna cúig bhliana romhainn. Is dúshlán a bheidh anseo dúinn de bharr na ndeacrachtaí leanúnacha eacnamaíochta agus na timpeallachta atá ag síorathrú ach go bhfuil roinnt buntáistí againn óna dtaobh seo. Tá soiléireacht feidhme againn, tá foireann leabharlannaithe ardoilte againn atá tiomanta do sheirbhís phoiblí, tá meas agus tacaíocht an phobail ar a bhfreastalaíonn muid againn, idir áitritheoirí Cho. Chorcaí agus cuairteoirí. Glacaim buíochas leis an gCoiste Leabharlainne atá críochnaithe as a n-obair chrua, a dtacaíocht agus a suim sa tseirbhís leabharlainne le 5 bhliana anuas agus guím gach rath orthu amach anseo. De bharr a gcuid oibre leanann Leabharlann Chontae Chorcaí ag soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán i gcónaí, fiú sna hamanna deacra seo.

Eileen O'Brien
Leabharlannaí Co. Gníomhach
Bealtaine 2014

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is creat é an Plean Forbartha Leabharlainne seo a threoróidh an fhorbairt ar Sheirbhís Leabharlainne Cho. Chorcaí amach anseo chun leanúint lena soláthar léitheoireachta, faisnéise, eolais, cultúir agus foghlama don dream i gCo. Chorcaí agus taobh amuigh de. Beidh dúshlán agus deiseanna nua ann sna cúig bhliana romhainn agus féachfar lena chinntiú leis an bplean seo go mbeidh an tSeirbhís Leabharlainne in ann déileáil leis na dúshlán agus na deiseanna a thapú agus iad ag cur seirbhís leabharlainne atá nuálach agus ag forbairt, a thugann luach ar airgead, agus atá dírithe ar an úsáideoir ar fáil do mhuintir Cho. Chorcaí.

Tá bunús na forbartha sin leagtha amach sa bplean seo, faoina príomhréimsí seo a leanas:

- 1. An soláthar reatha seirbhís pearsanta custaiméara ar ard leibhéal a chothabháil agus a leathnú trí mhodhanna éagsúla seachadta lena chinntiú go bhfuil seirbhísí na leabharlainne ar fáil do chuile áitritheoir agus cuairteoir i gCo. Chorcaí.*
- 2. Oibriú le leabharlanna cóngaracha eile le theacht ar sheirbhísí a d'fhéadfaí a roinnt as a dtiocfadh éifeachtacht agus coigilt.*
- 3. Breis solúbthachta a bheith i gcleachtais oibre le déileáil le hathruithe timpeallachta, airgeadais agus teicneolaíochta i soláthar na seirbhíse leabharlainne.*
- 4. Infreastruchtúr reatha na leabharlainne a chothabháil agus a fheabhsú agus féachaint ar bhealaí le pointí nua seirbhíse a uasghrádú nó a bhunú nuair a theastaíonn siad.*
- 5. Polasaithe dea-chleachtais a dhaingniú sna réimsí seo - forbairt na mbailiúcháin, forbairt an léitheora, forbairt foirne, sláinte agus sábháilteacht, sábháil fuinnimh, éifeachtacht eagraíochta, soláthar, infhaighteacht, cosaint leanaí agus seirbhís custaiméara.*
- 6. Freastal ar na pobail is scoite amach i gContae Chorcaí trí infheistíocht agus forbairt ar an tSeirbhís Leabharlann Soghluaiste.*
- 7. Córais TFC a fhorbairt a fhágfaidh feabhas agus leathnú éifeachtach ar an tseirbhís leabharlainne, agus a chumasóidh an pobal agus an fhoireann.*
- 8. Ionad oibre inspreagthach a bhunú don fhoireann trí thacaíocht agus oiliúint a sholáthar agus iad a spreagadh lena scileanna agus tallann a úsáid agus a fhorbairt.*
- 9. An teacht atá ann ar réimse leathan ábhar léitheoireachta idir leabhair agus neamhleabhair a choinneáil suas agus glacadh le formáidí agus ardáin nua de réir threoirínte Pholasaí um Fhorbairt Bhailiúcháin na leabharlainne.*
- 10. Díriú ar chomhoibriú le comhpháirtithe éagsúla, leabharlainne agus neamhleabharlainne, inmheánacha agus seachtracha, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na seirbhíse leabharlainne le breisluach a bhaint amach agus seirbhís níos fearr a thairiscint don phobal.*
- 11. An leabharlann a chur chun cinn mar ionad litríochta, léitheoireachta agus cultúir do chuile aois ag úsáid bailiúcháin, clár ghníomhaíochta agus foilseacháin na leabharlainne, agus gníomhaíochtaí a fhógairt ina measc clubanna leabhar, grúpaí scríbhneoireachta, insint scéalta agus cuairteanna údar*
- 12. Oidhreacht agus stair áitiúil Chontae Chorcaí a chaomhnú agus a chothú trí bhailiúcháin stair áitiúil, clár digitithe, acmhainní ar líne agus clár fhor-rochtana na leabharlainne.*

1. PLEAN FORBARTHA LEABHARLAINNE 2006-2011

Is iomaí forbairt feicthe ag Leabharlann Chontae Chorcaí ó scríobhadh an Plean Forbartha deiridh i 2006, cuireadh formhór na n-aidhmeanna beartaithe sa bplean sin i gcrích agus cuid lena gcois.

1.1 Seachadadh Seirbhíse

- Ainneoin laghdú leanúnach sa lucht foirne i mblianta deiridh an phlean roimhe seo agus ó shin choinnigh an Leabharlann seirbhísí iontacha leabharlainne den chaighdeán is airde, a bhuíochas sin do thiomantas leanúnach na foirne leabharlainne.
- Tá ardú tagtha, thar thréimhse an phlean deiridh agus ó shin, ar líon na n-eisiúintí agus na ballraíochtaí d'ardaigh na baill cláraithe ó 55,464 i 2006 go 58,424 i 2013, agus d'ardaigh na heisiúintí ó 1,432,689 i 2006 go 1,761,508 i 2013. Is i 2007 a tosaíodh ag taifead líon na gcuariteoirí agus ba 1,184,100 a bhí ann an bhliain sin, agus é ardaithe go 1,681,400 faoi 2013.
- De bharr clár um fheabhsú leabharlann brainse tá líonra uasghrádaithe brainsí ar fud an chontae mar aon le seirbhís leabharlann soghluaiste, rud a chuireann leabharlanna i gceartlár an phobail
- Nuair a glacadh le modhanna níos fearr sa seachadadh seirbhíse is minic gur sábháladh go leor sna réimsí ar nós postas, costas teileafóin, páipéarachas, éifeachtacht fuinnimh, soláthar agus cleachtais sreabhadh oibre.



1.1.1 Seachadadh Seirbhíse: an t-infreastruchtúr fisiceach

- I 2006 athraíodh Leabharlann Mhala ón dara hurlár i bhfoirgneamh Halla an Bhaile chuig foirgneamh nua-aimseartha inrochtana dhá stór ar Shráid Thomáis Dáibhis. Is é an leabharlann nua an ceann is mó agus is priclaí sa gContae, é ina spás rathúil pobail le sceideal trom gníomhaíochtaí.
- I 2007 d'athraigh Leabharlann Eochalla amach as a bhfoirgneamh beag ar Shráid na hEaglaise chuig áitreabh i bhfad níos lárnaí i Siopalann Rivergate, in aice Thúrchlog Eochalla, chuig spás urláir dhá uair níos mó ina bhfuil áit do raon níos mó gníomhaíochtaí ar nós seoladh imeachtaí, ceardlanna agus cúrsaí ríomhaireachta.
- Déanadh athchóiriú iomlán ar Leabharlann Mhainistir na Corann i 2008 agus méadaíodh an píosa inrochtana ó 93m.cr. go dtí an t-uasmhéid spáis 371m.cr. ar urlár na talún. Tá an leabharlann níos mó agus níos compordaí anois do na húsáideoirí chomh maith le go bhfuil níos mó leabhar, ríomhairí agus áit bhreise ann d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí leabharlainne.
- I 2009 d'athraigh Ceanncheathrú na Leabharlainne, ag áireamh na rannóga Tagartha, Staidéir Áitiúla agus lasachta, óna n-áitreabh ar cíós chuig leabharlann nua, inrochtana, sainthógtha i ngar do Halla an Chontae. Tá áit sa bhfoirgneamh nua do phróiseáil, stóráil agus riarachán stoic rud a theastaigh go géar agus atá riachtanach do sheachadadh éifeachtach

seirbhísí ar fud an chontae tríd an líonra mór leabharlann soghluaiste agus brainse. Soláthraíonn an Cheanncheathrú nua spás compordach staidéirfreisin do thaighdeoiríchomh maith le háit shlán amach anseo do bhailiúchán leathan tagartha agus staidéir áitiúla na leabharlainne a fhreastalaíonn ar an gcontae uilig. Tá seomra nua-aimseartha ilchuspóra ar fáil ann d'imeachtaí, ar nós taispeántais, cruinnithe, léachtaí, léirithe agus ceardlanna.

- I 2009 d'athraigh Leabharlann Charraig Uí Leighin freisin isteach in áitreabh nua-aimseartha i bhfad níos mó, atá lonnaithe go lárnach agus le hard-infheictheacht in aice Dunnes Stores. Tá an leabharlann in ann níos mó seirbhísí a chur ar fáil do phobal Charraig Uí Leighin agus do na háiteanna in aice leis mar gheall ar an spás breise agus tá sé fíoréasca ag daoine páirceáil ann, agus a mbealach a dhéanamh timpeall an fhoirgnimh istigh agus amuigh.
- Chuir Comharchumann Oileán Chléire ionad nua iniompartha ar fáil don leabharlann i 2010 mar go raibh an seanáit a bhí acu le fada mar leabharlann mórán tite as a chéile. Tá rogha maith leabhar, i bhformáidí éagsúla, sa leabharlann nua, agus iad feiliúnach do chuile aois agus do chuile chineál duine, agus tá leathanbhanda ann a chuireann cuideachta neamhbhrabúis atá lonnaithe san oileán ar fáil.
- I 2011 d'athraigh Leabharlann Bhaile Mhistéala ón dara hurlár i dTeach na Cúirte go dtí urlár na talún i gCúirt Sutton. Tá sé i bhfad níos furasta teacht ar an leabharlann nua, é i bhfad níos mó le méadú sa spás urláir ón 45m.cr. a bhí sa seanncheann go timpeall 370m.cr. anseo, rud a fhágann go bhfuil spás níos fearr bogadh thart ann, spás d'imeachtaí agus áiseanna ríomhaireachta. Chuir an Leabharlann lena n-uaireanta oscailte (ó páirtaimseartha go lánaimseartha) agus tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a úsáideann an tseirbhís leabharlainne agus ar an réimse seirbhísí dá bharr seo.

"Chonaic muintir Bhaile Mhistéala ár leabharlann nua mar áis iontach agus an fhoireann iontach atá ann ag cur leis go mór. Mar gheall ar an bhfoireann bíonn daoine ag tnúth le é a úsáid, iad deas gealgháireach, toilteanach cuidiú agus is taitneamhach ar fad an mothú compordach a chruthaíonn siad. Go raibh maith agaibh uilig as an mbeocht seo atá tugtha agaibh go Baile Mhistéala."

-Gretta agus Dan Coughlan

- I 2012 críochnaíodh obair athchóirithe práinneach ar an taobh amuigh d'fhoirgneamh Leabharlann an Chóibh. Cinntítear tríd an tionscadal, a bhí maoinithe go príomha ag Comhairle Contae Chorcaí le roinnt tacaíochta deontais ón Roinn CPRÁ, go bhfuil sláine seandálaíochta agus struchtúraithe an Fhoirgnimh Áirse caomhnaithe.
- D'athraigh Leabharlann Áth Trasna chuig áitreabh nua ar cíós ar an tSráid Ard i 2013 mar gheall ar imní mhór faoi chúrsaí sábháilteachta fhoirgneamh na sean-leabharlainne ar Shráid an Scairtín. Tá rogha maith leabhar agus nithe eile ar fáil d'iasachtaithe de gach aois agus le gach cineál spéise.
- Bhog Leabharlann Bhaile Chaisleáin Bhéarra trasna an bhóthair chuig cearnóg an bhaile i 2013 chuig foirgneamh níos fairsinge agus níos feidhmiúla, rud a thug deis dóibh a gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a mhéadú.
- Déanadh oibreacha beaga athchóirithe ar go leor leabharlann le linn na tréimhse seo. I measc na n-oibreacha seo bhí gnáthchothabháil fhoirgneamh agus oibreacha a chaithfí a dhéanamh mar gheall ar riachtanais agus spriocanna ar leith ar nós caighdeáin sláinte agus sábháilteachta, caighdeáin inrochtaineachta agus spriocanna um shábháil fuinnimh. Ina measc seo bhí athchóiriú iomlán ar Leabharlann Bheanntaí agus Mhainistir Fhear Maí chomh maith le hardaitheoir ardáin i leabharlann dhá leibhéal Mhainistir Fhear Maí.
- Tá clár um bearta sábhála fuinnimh tosaithe ag an Leabharlann sna brainsí ar déanadh oibreacha athchóirithe orthu. Tagann sé seo le riachtanas na Seirbhíse Poiblí úsáid fuinnimha bheith laghdaithe 33% faoi 2020.
- Tá Córas um Bainistiú Sábháilteachta Chomhairle Contae Chorcaí leabaithe in oibreacha laethúla na leabharlainne. Áirítear anseo Turais Chigireachta rialta ar áitribh uilig na leabharlann.
- Ceannaíodh veain nua brainse don tseirbhís leabharlainne i 2008 lena chinntiú go leanfaí le soláthar an chláir malartaithe stoic idir na brainsí agus le scrúdú níos fearr a dhéanamh ar an stoc leabhar ar fud an chontae.
- Ceannaíodh veain nua seachadta don tseirbhís leabharlainne i 2010 le go gcoinneofaí suas éifeachtacht na seirbhíse iarratas, seirbhís atá fíor-rathúil.



1.1.2 Seachadadh Seirbhíse: ar líne

- I 2007 a leagadh síos ar dtús Polasaí Um Úsáid Idirlín na seirbhíse uilig ina raibh na téarmaí úsáide do sheirbhís Idirlín Leabharlann Chontae Chorcaí, féachaint le feidhmiú na seirbhíse a chuíchóiriú agus timpeallacht níos sábháilte agus níos sláine a chur ar fáil d'úsáideoirí sheirbhís idirlín na leabharlainne. Athbhreithnítear an polasaí seo go rialta lena chinntiú go gcoinnítear suas le forbairtí sa rochtain Idirlín.
- Críochnaíodh amach uathoibriú na leabharlann brainse i 2008 rud a d'fhág feabhas mór ar na seirbhísí d'úsáideoirí na leabharlann mar go raibh rochtain ar líne acu ar chatalóga uilig na mbrainsí, deis acu scrúdú iomlán a dhéanamh ar bhailiúcháin an chontae uilig, teacht shlánacu ar eolas faoina gcuntas ar líne agus éifeachtacht níos fearr ann ó thaobh imshruthú agus tascanna riaracháin.
- Tá ríomhfhoghlaim FÁS ag dul i dtreis sa leabharlann ó 2009 le cúrsaí i litearthacht ríomhaireachta á gcur ar fáil anois go leibhéal FETAC a3 agus líon na leabharlann rannpháirteach méadaithe ó 3 i 2009 go 10 i 2013.
- I 2010 athraíodhanonn ón gCóras Bainistíochta Leabharlainne Dynix, a ceannaíodh i 1992 i gcomhar le Leabharlann Cathrach Chorcaí chuig Horizon, córas atá comhoiriúnach le Windows, atá níos soláimhsithe le breis feidhmiúlachta agus níos saoire. Tríd an gcóras nua bhíodhas in ann téacsáil seirbhís gearrtheachtaireachtaí a fheidhmiú d'fhógraí coinneála agus amach sa mbliain d'fhógraí thar téarma, agus mar sin sábháladh go leor ar phostas agus bhíodhas ábalta fógraí a sheachadadh láithreach. Ghlac na baill leabharlainne thar cionn leis.
- Tá láithreach Twitter na Leabharlainne, a bunaíodh i 2010 le heolas faoin Leabharlann agus a gníomhaíochtaí a scaipeadh i mbealach níos fusa agus i measc níos mó daoine, ag cur lena lucht leanta go síoraí, agus foireann na leabharlainne go seasta ag uasdátú an ábhair le nuacht óna brainsí agus le heolas faoi imeachtaí na leabharlainne. Chomh maith leis sin bhí an leabharlann i measc cheann de phríomhúsáideoirí leathanach Facebook na Comhairle sa tréimhse seo.
- Cuireadh le héifeachtacht agus cuntasacht bhainistiú na seirbhíse poiblí idirlín nuair a cuireadh isteach córas áirithinte ríomhaireachta agus bainistiú priontála i 24 leabharlann idir 2011 agus 2012, sábháladh airgead ar phriontaí gan mhaith agus bhíodhas in ann tascanna riaracháin ar nós

bailiú staitisticí agus taifead sonraí úsáideora a uathobriú.

- I 2011, thosaigh Leabharlann Chontae Chorcaí ag ceannach closleabhair in-íoslódáilte Clipper ar shíntiús dá gcustaiméirí. Tá an-tóir orthu seo agus ansin le deireanas chuir an leabharlann ríomhírisí lena bpunann seirbhísí ar líne agus tá úsáideoirí fíorshásta leis seo.

“An bhféadfá ‘obair iontach’ a rá le cibé duine atá i mbun na hirise ar líne atá ar fáil sa leabharlann? Chuir mé an nasc ar aghaidh ag mo dheirfiúr atá ag obair in ITC agus d’inis sí do roinnt dá comhghleacaithe faoi. Breathnaíonn sé go raibh siad fíorshásta leis agus ghlac beirt bhall foirne ballraíocht sa leabharlann láithreach. Chuile dhuine an-tógtha leis de réir cosúlachta.”

-Valerie Hayes

- I 2013 réitigh Leabharlann Chontae Chorcaí, Leabharlann Chontae Chiarraí agus Leabharlann Cathrach Chorcaí iarrataseatarthu don bhord tionscadal le Córas Náisiúnta um Bainistiú Leabharlainne a sholáthar, lecinntiú go bhfreastalófaí ar na riachtanais áitiúla freisin chomh maith le haidhmeanna náisiúnta in aon chóras náisiúnta a bheadh ann.
- Ó 2006 go 2013 déanadh uasghrádú leanúnach ar chrua-earraí ríomhairí agus ar infreastruchtúr cumarsáide, ag áireamh suiteáil Teicneolaíocht Cúnta, leathanbhanda, agus ansin ag deireadh 2013 wi-fi a cuireadh i 21 leabharlann brainse rud a mhéadaigh rochtain idirlín do na baill.
- Lean an Leabharlann ag athbhreithniú agus ag forbairt suíomh gréasáin na Leabharlainne trí eolas reatha a chur ar fáil faoi bhairsí agus seirbhísí leabharlainne, rochtain ar an gcatálóg iomlán, eolas faoi ghníomhaíochtaí agus imeachtaí, rochtain ar bhailiúcháin dhigiteacha agus cianrochtain ar Britannica Online, Oxford Art agus Oxford Music Online
- Tá na seirbhísí tagartha agus eolais atá againn cheana féin feabhsaithe de bharr méadú sna síntiúis ar líne. I measc na mbunachar sonraí atá ar fáil ar líne anois sna leabharlanna brainse/go cianda tá Britannica Online, Cartlann Irish Times, Cartlann Irish Newspaper, JSTOR, Oxford Art agus Music Online.

1.2 Forbairt Foirne

I 2007 thug Leabharlann Chontae Chorcaí chun críche comhráití faoi athstruchtúrú na seirbhíse leabharlainne. Aontaíodh struchtúr idir Comhairle Contae Chorcaí agus an Roinn CORÁ a bhí ina mhacasamhail ar an eagrú rannach a bhí ar sheirbhísí eile de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, le post Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin don Tuaisceart, don Iarthar agus do Chorcaigh Theas. Fágadh bainistiú straitéiseach na dtrí phríomhréimse feidhme (seirbhísí AD, TF agus Bibleagrafaíocha) faoi shainchúram na bhfoirne sinsearacha leabharlainne, ag an leibhéal Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin.

Faoin struchtúr nua bhainistíodh Leabharlannaithe Feidhmiúcháin na brainsí lánaimseartha móra agus meánmhéide agus bheadh na Leabharlannaithe Cúnta nó na hOifigigh Foirne i mbun na mbrainsí lánaimseartha níos lú.

Thacódh Cúntóirí Sinsearacha Leabharlainne leis na bainisteoirí brainse nó i gcás na mbrainsí páirtaimseartha níos lú bheidís ag bainistiú an bhrainse.

Ba ar mhéid an chontae, ar dhaonra an chontae agus ar líon mór na bpointí seirbhíse a bunaíodh an struchtúr nua, agus tháinig feabhas mór ar eagrú agus éifeachtacht antseachadadh seirbhíse dá bharr seo. Tá deis ag lucht foirne a oibríonn i mbrainsí atá lonnaithe 150km ón gCeannteathrú casadh le Bainistíocht na Leabharlainne de bharr ceapadh Leabharlannaithe Rannacha rud a chuidíonn freisin le feidhmiú Chóras um Bainistiú Sábháilteachta na Comhairle. Cinntíodh, le ceapadh leabharlannaithe gairmiúla le taithí i réimsí tiomnaithe sna seirbhísí bibleagrafaíocha agus i leabharlanna móra agus meánmhéide, go raibh sainscileanna ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr dá bhfuil ann á n-úsáid i seachadadh na seirbhísí leabharlainne.



Cuireadh brú mór ar an soláthar seirbhíse leis an gcosc ar earcaíocht, le críochnú na bpost gníomhach, le cailleanas lucht foirne neamhbhuan agus

le scor go leor leabharlannaithe fadfhreastail gan dream a chur ina n-áit. Fós féin tá foirne leabharlainne i measc na seirbhísigh poiblí is tiomanta agus is díograisí dá bhfuil ann agus barrfheabhas curtha ar na leibhéil seirbhíse i Leabharlann Chontae Chorcaí leis na hacmhainní atá fanta, a bhuíochas sin den chuid is mó do dhea-thoil agus díograis na bhfoirne sin.

"Is ball den leabharlann mé agus úsáidim áiseanna Mhaigh Chromtha agus Dhún Mánmhaí. Is seirbhís den scoth é agus is é caighdeán na foirne an rud is iontaí faoi. Tá siad thar a bheith cuidiúil, fioreolasach agus fíordhúthrachtach."

-Ann Crowley

Chomh maith le hathstruchtúráil na seirbhíse i 2007, déanadh na forbairtí seo a leanas freisin:

- Ó 2006 cháiligh 13 lucht foirne Leabharlainne mar leabharlannaithe gairmiúla, agus cúrsaí gairmiúla in Eolaíocht Leabharlainne & Faisnéise (LIS) críochnaithe acu i Scoileanna éagsúla Staidéir Leabharlainne agus Faisnéise.
- Chríochnaigh 18 lucht foirne cúrsa 'Ag Forbairt an Léitheora' de chuid Frontlinea bhí maoinithe ag angComhairle Leabharlann.
- Cuireadh oiliúint ar na foirne sna réimsí seo Seirbhísí Insroichte do Lucht Míchumais agus Feasacht ar Mhíchumas, Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí, Seirbhís Custaiméara, Córas um Bainistiú Leabharlainne agus Córas um Bainistiú Airgid. Chuidigh na foirne leabharlainne le Polasaí Chomhairle Contae Chorcaí um Chosaint Leanaí a fhorbairt le cinntiú gur timpeallacht shlán i gcónaí an Leabharlann do dhaoine fásta agus do leanaí.
- Chuidigh na foirne leabharlainne freisin le feidhmiú Chóras um Bainistiú Sábháilteachta na Comhairle, go háirithe nuair a ghlaclucht foirne ag leibhéal Ghrád a 5 agus níos airde páirt i sceideal na dturas cigireachta.
- Bronnadh Dámhachtainí Fadseirbhíse ar 40 ball foirne leabharlainne i 2012.

1.3 Bainistiú agus Forbairt na mBailiúchán

- De bharr spás breise a bheith sa gCeanncheathrú nua Leabharlainne tugadh faoi thionscnaimh le 4 bliana anuas chun cur le scrúdú, le bainistiú agus le forbairt bhailiúcháin an stoic. Mar gheall ar chleachtais níos éifeachtaí sa réimse seo seachadtar stoc chuig na leabharlanna brainse níos sciobtha agus dá réir sin chuig an bpobal, agus cinntítear go bhfuil an t-ábhar arsheilfeanna na mbrainsí á athrú go rialta agus go bhfuil sé coinnithe suas chun dáta.
- Tá feabhas ar chuimsitheacht na mbailiúchán brainse de bharr forbairt bhreise ar bhailiúcháin Gaeilge, teangacha iasachta, bailiúcháin do dhéagóirí agus do dhaoine leathfhásta agus mar gur cuireadh formáidí neamhleabhar leis na bailiúcháin ar nós DDIanna, closamhairc, ilmheáin, seirbhísí Closleabhar In-íoslódáilte agus Ríomhírisí cinntítear go bhfuil seachadadh ábhar ag coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta.
- Tá na seirbhísí tagartha agus eolais atá againn cheana féin feabhsaithe de bharr méadú sna síntiúis ar líne. Ina measc seo tá JSTOR, Britannica Online, Cartlann Irish Newspaper agus cartlann digiteach an Irish Times.
- Táthar ábalta breis a cheannach de bharr comhsholáthar stoic idir muid féin agus Leabharlann Cathrach Chorcaí agus tá méadú 50% tagtha ar an meánlascaine a thugtar dúinn.




1.4 For-rochtain agus Comhpháirtíocht

- I ndiaidh don Roinn Oideachais a ndéontas um sholáthar leabhar leabharlainne do bhunscoileanna a tharraingt siar chuir an leabharlann tús i 2008 le Scéim \ um lasacht Úrscéalta Ranga dá cuid féin do Bhunscoileanna lena chinntiú go bhfreastalaítear go cuí ar scoileanna Chontae Chorcaí agus go leantar le sainchuidiú na leabharlainne i bhforbairt scileanna léitheoireachta leanaí.
- Is comhpháirtíocht an-rathúil an ríomhfhoghlaim FÁS a tosaíodh sa leabharlann i 2009 ina dtugtar deis do phobail tabhairt faoi oiliúint ríomhaireachta go Leibhéal FETAC a 3 i leabharlanna brainse ar leith. Bhain FÁS tairbhe as an bhfoirgneamh reatha agus as infreastruchtúr líonra na leabharlann brainse agus thacaigh foireann na leabharlainne leo le cúnamh riaracháin agus le fógairt na gcúrsaí. Bhí tairbhe ann do Leabharlann Chontae Chorcaí freisin: dhaingnigh an soláthar ar oideachas foirmiúil do na pobail áitiúla trí líonra na leabharlann brainse ár ról mar éascaitheoirí den fhoghlaim fadsaoil chomh maith le gur baineadh breis úsáide as ríomhairí na leabharlainne. Cinntíodh trí chúinsí den chineál céanna go raibh an rath agus na buntáistí céanna mar thoradh ar chúrsaí ríomhaireachta a d'éascaigh Age Action i leabharlanna brainse, cúrsaí iad seo

nach mbíonn chomh foirmiúil dóibh siúd gur mian leo foghlaim ar a luas féin. Is cruthúnas ar sholúbthacht na leabharlainne mar thimpeallacht foghlama an réimse leathan de bhealaí fiúntacha a mbaintear tairbhe astu i scileanna TF.

- Chuile bhliain ó 2009, mar chuid de Bealtaine, reachtáiltear Conair Ealaíon Iarthar Chorcaí i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Iarthar Chorcaí, leis an gClár Ealaíon don tSláinte agus le Lónra Dhaoine Breacaosta Iarthar Chorcaí. Is comóradh atá ann ar chruthaitheacht daoine breacaosta lena n-áirítear péintéireacht, grianghrafadóireacht agus ceardaíocht ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ealaíne ar théamaí a phioctar roimh ré. Cuirtear an obair ar taispeáint i leabharlanna brainse Iarthar Chorcaí agus in áitribh phobail agus thráchtála eile le go bhfeicfidh níos mó daoine iad.
- Chuaigh Leabharlann Chontae Chorcaí agus an FSS i gcomhpháirt lena chéile i 2011 le tionscnamh bibleagrafaíoch dar teideal 'Your Good Self' a chur ar fáil i Leabharlann Mhala. Is é aidhm na scéime ná faisnéis d'ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine faoin gcaoi le breathnú amach dá sláinte mhothúchánach mar chuid dá sláinte ginearálta. Chuir Síceolaithe Cliniciúla agus gairmithe eile sláinte leabharliostaí le chéile faoi thopaicí éagsúla a bhaineann le sláinte mhothúchánach agus socraíodh bailiúchán neamhshonraíochdíobh sa leabharlann. De bharr gur éirigh go maith le scéim phiolótach Mhala cuireadh an clár i bhfeidhm i Leabharlann Dhroichead na Bandan i 2013.
- Leanadh ag forbairt cur chuige comhpháirtíochta le leabharlanna eile. Mar thoradh ar an gcomhsholáthar stoc leabhar le Leabharlanna Cathrach Chorcaí ó 2012 faightear níos mó as cistí leabhar an dá údarás. D'oibrigh an dá údarás agus Leabharlann Chontae Chiarraí le chéile freisin le comhiarratas a chur faoi bhráid an Bhoird Tionscadail le go mbeadh Córas Náisiúnta um Bainistiú Leabharlainne ann i 2013. Tá an cómhaoiniú idir Leabharlann Dhúglais agus Comhairle Cathrach Chorcaí ag déanamh go maith i gcónaí faoi mar atá an chomhpháirtíocht le Leabharlann Boole Choláiste Ollscoile Chorcaí agus le Leabharlanna Cathrach Chorcaí do chómhaoiniú Chartlanna Chontae agus Chathair Chorcaí. San am i láthair, faoi CorkPAL, tá Leabharlann Chontae Chorcaí, Leabharlanna Cathrach Chorcaí, Leabharlann Boole agus Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí imithe i gcomhpháirt le go mbeidh teacht tagartha ag custaiméirí uilig na leabharlann luaite ar chomhbhailiúchán mór na gceithre leabharlann.
- Ó scríobhadh an plean deiridh tá breis forbartha déanta freisin ar theagmhálacha níos neamhfhoirmiúla le grúpaí stair áitiúil, grúpaí pobail, grúpaí ealaíne agus eile.



1.5 Litríocht, Cultúr agus na hEalaíona

- Tá an gaol comhchuí idir an litríocht agus earnálacha eile san ealaín daingnithe i gcultúr na leabharlainne, agus féilire na leabharlainne daite anois le sraith d'fhéilte bliantúla litríochta, cultúrtha agus ealaíne ar nós Bealtaine, Féile Leabhar na Leanai agus Seachtain na Gaeilge. Tá na féilte seo fréamhaithe go láidir sna leabharlanna ainneoin tionchar an chúlú eacnamaíochta. Coinníodh suas freisin páirteachas na leabharlann i bhféilte áitiúla, mar shampla an fhéile bia "A Taste of West Cork".
- Chomh maith leis sin, taobh amuigh den fhéilire féilte, choinnigh Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon an Chontae raon maith d'imeachtaí éagsúla ardchaighdeán agus ísealchostais, ina measc, taispeántais, insintscéalta, clubanna leabhar, grúpaí ceardaíochta, ciorcail cainte agus nithe eile.
- Lean an Leabharlann ag tacú le Féile Liteartha Iarthar Chorcaí, a bhí 16 bliain ar an bhfód i 2014, agus a thugann údair náisiúnta agus idirnáisiúnta, filí agus scríbhneoirí eile mór le rá go hIarthar Chorcaí do chlár bliantúil imeachtaí liteartha a bhíonn ar ardchaighdeán i gcónaí.
- Tá an Comórtas Gearrscéalta atá á reachtáil ó 2004 ag Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí ag neartú i gcónaí. Tosaíodh é mar chomórtas don chontae sa bhFéile 'Bealtaine' agus é i gceist leis go mbeadh príomhcharachtair na scéalta breacaosta. Mhéadaigh líon na n-iontrálacha gach bliain agus i 2011 leathnaíodh an coimre le go




n-áireofaí iontrálacha náisiúnta gan téama sonraithe. Píocann painéal scríbhneoirí aitheanta Éireannacha an scéal a bhuann agus chuile bhliain faigheann an t-údar áit ar cheardlann seachtaine Fhéile Liteartha Iarthar Chorcaí i mBeanntraí agus foilsíonn Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí cnuasach de na hiontrálacha ar an ngearrliosta faoi theideal an scéil a bhua.

- I 2011 tionóladh comórtas ealaíne do pháistí le cárta leabharlainne a dhearadh do bhaill óga. Priontáladh 20,000 cárta den dearadh a bhua, b'shin lasairéan ag léamh leabhair, le scaipeadh ar fud an chontae. Mar gheall gur éirigh go maith leis an scéim seo, beartaíodh an tionscnamh a thionóil i Leabharlann an Chóibh i 2012 do chomóradh céad bliain an Titanic ach an uair seo bhí an comórtas oscailte do bhaill óga agus fásta. Bhí an-suim ag turasóirí a bhí sa Chóibh sa tionscnamh agus ghlac go leor acu ballraíocht sa leabharlann le fonn cárta cuimhneacháin a fháil.
- Tionóladh comórtas ealaíne do pháistí i 2013, le féilire do 2014 a dhearadh faoin téama "I love my library". Priontáladh 10,000 féilire ildathach den dearadh buacach agus scaipeadh iad saor in aisce ag pointí seirbhíse ar fud an chontae.
- Chuile bhliain ó 2009, mar chuid de Bealtaine, reachtáiltear Conair Ealaíon Iarthar Chorcaí i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Iarthar Chorcaí, leis an gClár Ealaíon don tSláinte agus le Lónra Dhaoine Breacaosta Iarthar Chorcaí. Is comóradh ar chruthaitheacht daoine breacaosta é lena n-áirítear péintéireacht, grianghrafadóireacht agus ceardaíocht ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ealaíne, ina measc grúpaí ealaíne, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, othair cónaithe agus ospidéal ar théamaí a phioctar roimhré. Cuirtear na píosaí oibre ar taispeáint i leabharlanna brainse Iarthar Chorcaí agus in áitribh phobail agus thráchtála eile lena dtionchar a scaipeadh.

1.6 Seirbhísí Faisnéise, Staidéir Áitiúla agus Oidhreacht Chultúrtha

- I 2006 déanadh Ionad Faisnéise Europe Direct de Leabharlann Mhaigh Chromtha do thaobh Thiar Theas na tíre, le rochtain ar eolas faoin Aontas Eorpach a chothú agus a sholáthar. I 2011 críochnaíodh conradh an Ionaid Eolais i Leabharlann Mhaigh Chromtha agus d'aistrigh sé go Cill Árne, ach tá Leabharlann Chontae Chorcaí ag iarraidh an tseirbhís a bheith i Leabharlann Mhala arís ó 2013 go 2018.
- I 2009 aistríodh go hoifigiúil an soláthar eolas comhshaoil a bhíodh ar fáil trí phointe seirbhíse tiomnaithe ENFO i mBaile Átha Cliath chuig leabharlanna poiblí agus roghnaíodh Leabharlann Mhainistir na Corann mar phointe ENFO Leabharlann Chontae Chorcaí. Le tacaíocht Rannóga Comhshaoil & Fuinnimh Chomhairle Contae Chorcaí cinntítear go bhfaigheann an t-eolas comhshaoil a bhailítear go háitiúil tús áite ag pointe ENFO Mhainistir na Corann agus tá cothú na feasachta comhshaoil á chur chun cinn i gcónaí trí imeachtaí leabharlainne.
- Tá tús curtha, le 6 bliana, ag an leabharlann le clár digitithe de bhailiúcháin grianghraf agus acmhainní eile atá tábhachtach ó thaobh na staire de agus tá siad á bhrú chun cinn agus é i gceist an t-eolas seo a chaomhnú do ghlúnta amach anseo agus é a bheith níos insroichte don ghnáthphobal ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne.
- Chuir an Leabharlann lenacuid oibre intí féin i ndáil le hOidhreacht agus Stair Áitiúil le roinnt blianta anuas agus iad agcoimeád roinnt taispeántas agus cainteanna a raibh an-ghlacadh leo. Le deireanas, thug taispeántais ar Halla an Chontae, Cumann Turasóireachta na hÉireann, James N. Healy agus Droichead Eochalla, mar aon le cainteanna faoi



thopaicí a bhí chomh héagsúil le Ranna Riaracháin Cho.Chorcaí agus An Madra i Stair na hÉireann, léiriú ar an mbailiúchán cuimsitheach d'acmhainní sa Leabharlann a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha an Chontae.

- Ba chúnamh iad taispeántais idirnáisiúnta a tháinig ar cuairt, ar nós Taispeántas an Ghorta ó Ollscoil New Brunswick, agus taispeántas íocónle healaíontóirí as An Chréitagus as Éirinn, rud a leathnaigh amach an réimse imeachtaí go cultúir eile.
- Tá céimeanna glactha ag Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí, de réir threoirlínte na Comhairle Oidhreachta, lena chinntiú go gcoinnítear i Leabharlann Chontae Chorcaí eolas a bhailítear i suirbhéanna reiligi stairiúla, ionas go mbeidh sé caomhnaithe go fadtréimhseach do na glúnta amach anseo. Fuair an Leabharlann an cnuasach uilig cúlshonraí atá ar fáil faoi láthair ar an suíomh Uaigheanna Stairiúla www.historicgraves.ie, ó Thionscadail Seandálaíochta Eachtra i bhformáid atá neamhspleách ar ardán agus feiliúnach do chaomhnú fadtréimhseach.
- Ghin an chumarsáid idir an Leabharlann agus Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí toradh maith freisin i mbealaí eile, bhronn David agus Liz Maddox an Cartlann Saul ar an Leabharlann agus seoladh foilseachán an Aonaid Oidhreachta "Heritage Bridges of County Cork" i gCeanncheathrú na Leabharlainne.



2. AG PLEANÁIL DON TODHCHAÍ, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Is féidir leis an todhchaí a bheith dúshlánach le linn cúlú eacnamaíochta. Tháinig brú mór ar sheirbhísí poiblí ar fud na tíre le blianta anuas, brú nár samhlaíodh ar scála chomh dian ag an tráth a raibh an Plean Forbartha Leabharlainne deiridh á chur le chéile. Amanna feictear aidhmeanna an ama atá caite mar bhrionglóid i bhfad as láthair ach ní gá go n-athródh spiorad na spriocanna seo. Is amhlaidh gur cheart iad a dhaingniú i réalachas chúinsí na huaire.



Braithfidh feidhmiú aidhmeanna an phlean seo ar roinnt fachtóirí, go mór mór polasaí an rialtais i leith soláthar seirbhísí poiblí agus timpeallacht na heacnamaíochta níos leithne. Cé go bhfuil sé níos deacra ná riamh fios a bheith againn céard atá i ndán do sheirbhísí na leabharlann poiblí amach anseo feidhmeofar an plean seo ar bhunús athbhreithnithe leathbhliantúla rud a scrúdóidh an dul chun cinn sna haidhmeanna éagsúla agus ábharthacht agus oiriúnacht leanúnach na n-aidhmeanna seo. Nuair a chuireann coinníollacha sa timpeallacht níos leithne as d'aidhmeanna déanfar athbhreithniú cuí.

Cuirfear feidhmiú agus monatóireacht an phlean faoi chúram Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin agus déanfaidh an Fhoireann iomlán um Bainistiú Leabharlainne athbhreithnithe. Beidh nuashonraí faoin méid a bhainfear amach faoin bplean seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne.

2.1 Seachadadh Seirbhíse

- An soláthar reatha seirbhís pearsanta custaiméara ar ardleibhéal a chothabháil agus a leathnú trí mhodhanna éagsúla, ina measc na leabharlanna brainse, na leabharlanna soghluaiste, an suíomh gréasáin agus meáin shóisialta.
- I gcuideachta na Comhairle Contae, na Roinne Comhshaoil agus gníomhaireachtaí cuí eile bealaí a scrúdú le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa tSeirbhís Leabharlainne Contae – i bhforbairt agus in acmhainní na foirne, ina fhoirgnimh agus infreastruchtúr, lena chinntiú go bhféadfarna haidhmeanna mar atá siad sa bplean seo a ghnóthú agus a bhaint amach, go bhféadfaidh an tSeirbhís Leabharlainne glacadh le deiseanna nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn saolré an phlean seo agus go bhféadfaidh Comhairle Contae Chorcaí leanúint lena soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán do shaoránaigh Chontae Chorcaí.
- De bhrí gur éirigh go maith leis an gcomhsholáthar leabhar le Leabharlann Cathrach Chorcaí an fhéidearthacht maidir le breis seirbhísí a roinnt leo a scrúdú agus díriú go háirithe ar chomhstóráil, catalógú agus cothabháil infreastruchtúr na bhfoirgneamh.

- Deiseanna maoinithe a scrúdú d'fhorbairt leabharlanna nua agus/nó uasghrádú na leabharlann reatha ag díriú go mór mór ar Ghleann Maghair, Ceann Toirc, Cionn tSáile agus na leabharlanna soghluaiste.

"Tá an teaghlach uilig (6) ina mbaill agus is breá linn ar fad an leabharlann anseo i Maigh Chromtha agus an fhoireann uilig atá cairdiúil, cuiditheach agus ar fheabhas. B'áis iontach an club leabhar leis na páistí a spreagadh le dul ag léamh agus le coinneáil leis an léamh – taitneoidh an léamh agus an fhoghlaim leo an chuid eile dá saol. Is é an leabharlann an luach is fearr airgid i gContae Chorcaí."

-Joan Twomey O'Sullivan, Maigh Chromtha

- Na seirbhísí is fearr a chur ar fáil do leanaí agus d'ógánaigh tríd an tSeirbhís Leabharlann Scoile, na leabharlanna soghluaiste agus líonra na mbrainsí, le cinntiú go dtugtar an deis is fearr ó thaobh na liteartha agus an eolais dár saoránaigh níos óige agus ag an am céanna go spreagtar an tsóchmhainn dholáimhsithe sin samhlaíocht na hóige. Iarracht a dhéanamh fáil réidh le táille ballraíocht leanaí.
- Cuimsiú sóisialta a fheabhsú do ghrúpaí a d'fhéadfadh a bheith ar an imeall, oibriú le fáil réidh le baic ar rochtain fhisiceach, geografach, cultúrtha nó socheacnamaíoch. D'fhéadfadh sé go n-áireodh grúpaí leochaileacha daoine breacaosta, daoine le míchumas agus/nó daoine le deacrachtaí liteartha nó deacrachtaí eile foghlama, agus d'fhéachfaí trí iarrachtaí leanúnacha le freastal ar roinnt dá riachtanais ar a laghad trí sheirbhísí leabharlainne le go laghdófaí tionchar na gciorruithe ar sheirbhísí i réimsí eile a bhaineann leo.



"Tá sé iontach go bhfuil an leabharlann áitiúil bainteach leis na scoileanna áitiúla. D'fhéadfaí forbairt bhreise a dhéanamh air seo go cinnte. Tugann sé deis do pháistí nach bhfuil aon spéis acu sa léitheoireacht le dul i gcleachtadh ar údair éagsúla agus ar chomh taitneamhach agus is féidir le léitheoireacht a bheith. Plean maith a bheadh ann cuireadh a thabhairt d'údair éagsúla. Tá leabharlann maith do pháistí i gceantair thuaithe fiorthábhachtach."

- Jo McSweeney, ar scor, Dún Mánmhaí

2.1.1 Seachadadh seirbhíse: an líonra brainsí

- Breathnú ar roghanna d'athlonnú leabharlann Ghleann Maghair chuig áitreabh nua le hachar urláir den mhéid céanna nó níos mó, cíós bliantúil níos ísle, é a bheith ar thalamh níos airde ná an leabharlann reatha agus bearta éifeachtachta fuinnimh a bheith mar chuid den fheistiú.
- An t-athchóiriú ar Leabharlann an Chóibh a chríochnú. Tá Leabharlann an Chóibh lonnaithe sa bhfoirgneamh liostaithe Foirgneamh Áirse, agus ba lártheach Margaidh é. Tá maoiniú faighte le Céim a 2 den athchóiriú a dhéanamh i 2014, sin athchóiriú ar an gcéad urlár. Lorgófar maoiniú do Chéim a 3 i 2015, sin athchóiriú ar an halla iontrála, ar an staighre agus ardaitheoir.

"Cuireann an leabharlann seirbhís riachtanach ar fáil don bhaile agus do mhuintir an Chóibh agus ba chóir é a lonnú san áitreabh ina raibh sé ar dtús mar go bhfuil an spás breise ann lena ról a chur i gcrích sa mbealach is fearr."
-Damien Byrne, CLG an Chóibh

- Má stophtar an cosc earcú foirne uaireanta oscailte Leabharlann Chionn tSáile a mhéadú go huaireanta lánaimseartha agus maoiniú caipitil a lorg ón Roinn leis an Seanmhuileann a athrú isteach ina leabharlann nua-aimseartha fairsing don bhaile. Freastalaíonn an leabharlann ar dhaonra dobharcheantair 11,355 agus is áit mhór turasóireachta an baile féin. Tá áit níos fairsinge ó Leabharlann Chionn tSáile le go mbeidh siad ábalta an raon leathan seirbhísí a mbíonn an pobal ag súil leo i leabharlann a chur ar fáil, ina measc, spás staidéir, spás taispeántas agus spás d'imeachtaí leabharlainne ar nós insint scéalta agus cruinnithe club leabhar. Ceannaíodh an Muileann sna 1980aidí agus bhí sé i gceist é a bheith ina leabharlann don bhaile ach níor críochnaíodh amach an t-iarratas maoinithe leis an Roinn ag an am. Déanfar iarratas nua ar mhaoiniú Roinne don athchóiriú seo agus táthar ag súil athrú isteach ann sula gcríochnóidh an plean seo.

"Tá Leabharlann Chionn tSáile i bhfad róbhéag – ní díreach d'fheidhmeanna bunúsacha leabharlainne ach níl áit ann do ghníomhaíochtaí pobail mar shampla ar nós atá i nDroichead na Bandan – ceol – leanaí – cniotáil – cainteanna agus imeachtaí eile pobail." Céard a tharla don phlean a bhí ann i lár na 1980aidí – go mbeadh urlár na talún an tseanmhuilinn ina leabharlann áitiúil?
-Nora M. Hickey, Cionn tSáile

- Roghanna maidir le háit nua do Leabharlann Inis Arcáin a scrúdú. Tá Leabharlann Inis Arcáin lonnaithe i gcábán beag soghluaiste i ngar d'ionad pobail an oileáin. Táthar ag súil áit níos feiliúnaí a fháil don leabharlann le linn saolré an phlean seo. Sa ngearrthréimhse caithfear roghanna cómhaoinithe a phlé le Cumann Forbartha Inis Arcáin do spás comhroinnte bíodh gurb shin foirgneamh réamhdhéanta níos mó agus níos compordaí nó spás i struchtúr buan.
- Roghanna a phlé maidir le háit fhadtréimhseach do Leabharlann Cheann

Toirc.Tá an leabharlann lonnaithe in áitreabh ar cíós faoi láthair i lár Cheann Toirc ach scrúdófar roghanna eile le linn an phlean seo, ag áireamh léas ar an bhfoirgneamh reatha faoina ndéanfaí uasghrádú a theastaíonn ó Chomhairle Contae Chorcaí, agus breathnófar ar áitribh eile freisin.

- Breathnú ar riachtanais fhadtéarmacha leabharlainne d'Eochaill, féachaint le plan a dhéanamh amach d'fhorbairt áitreabh Bhácús Collins.
- Leanfaidh Leabharlann Chontae Chorcaí orthu ag iarraidh éifeachtacht fuinnimh laistigh den fhráma E-MAP a bhaint amach, an clár a úsáideann Comhairle Contae Chorcaí d'fheidhmiú an riachtanais seirbhíse poiblí úsáid fuinnimh a laghdú 33% faoi 2020.Déanfar measúnú bliantúil sa gcontae uilig féachaint an bhféadfaí feidhmiú fuinnimh na bhfoirgneamh leabharlainne uilig a fheabhsú, socrófar ar an obair a dhéanfar go luath sa mbliain agus beidh sé déanta faoi dheireadh na bliana. Oibreoidimid lena chinntiú go gcloíonn gach foirgneamh nua, ag áireamh foirgnimh ar léas, leis na caighdeáin fuinnimh ón dtús. I dtionscadail 2014 áireofar uasghrádú na gcóras teasa i Leabharlanna an Phasáiste agus na Scoile agus suiteáil/ uasghrádú insliú síleála sa dá áit.
- Rochtain níos fearr a bheith ar na pointí seirbhíse leabharlainne ó thaobh rochtain fhisiceach chuig na foirgnimh/leabharlanna soghluaiste agus ar an spás gluaiseachta agus na háiseanna istigh iontu, agus déanamh cinnte go gcloíonn gach leabharlann nua, ag áireamh foirgnimh ar léas, leis na caighdeáin rochtana ón tús. Rochtain níos fearr a bhaint amach sna pointí seirbhíse leabharlainne trí mhonatóireacht ar éifeachtacht agus oiriúnacht na n-uaireanta oscailte reatha.



"Ba cheart don Leabharlann sa Scoil a bheith oscailte Dé Sathairn nó Dé Luain, ní Dé Domhnaigh. Níl gá a bheith oscailte Dé Domhnaigh níos mó faoi mar a bhíodh roimhe seo (le freastal ar na hoileánaigh a thagadh chun na mórthíre uair sa tseachtain d'Aifreann an Domhnaigh)."
-Úsáideoir ó Leabharlann na Scoile.

- Aon laghdú ar uaireanta oscailte le linn laethanta deiridh an phlean deiridh agus ó shin a athrú ar ais má fhaightear réidh leis an gcosc ar earcú foirne agus go dtagann feabhas ar Airgeadas na Comhairle agusfreisin uaireanta oscailte a mhéadú san áit a bhfeictear gá leis.
- Iarracht a dhéanamh ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a bheith sa tseirbhís uilig, measúnaithe riosca a dhéanamh i ngach leabharlann agus i ngach ionad ina stopannleabharlann soghluaiste i 2014 agus na rialuithe a mholtar iontu a fheidhmiú.Leanúint le daingniú chóras um bainistiú sábháilteachta na Comhairle in oibreacha ag gach leibhéal den tseirbhís leabharlainne.
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar áiteanna ina bhfuil an daonra ag méadú agus a riachtanais leabharlainne a mheas.In Aguisín a 2 tá mapa de shuíomh na leabharlann in aghaidh daonra de réir Toghcheantar (Daonáireamh 2011).

2.1.2 Seachadadh Seirbhíse:Leabharlanna Soghluaiste

Tá an tSeirbhís Leabharlann Soghluaiste ina cuid lárnach den seachadadh seirbhíse i leabharlann Chontae Chorcaí ó thús na 1960aidí.Chomh maith le forbairt na leibhéal seirbhíse trí líonra na leabharlann brainse, tá ról lárnach i gcónaí ag an tseirbhís soghluaiste mar gogcintíonn siad go bhfuil teacht ag gach saoránach ar an tSeirbhís Leabharlainne cibé áit a gcónaíonn siad nó céard iad a gcúinsí pearsanta.I measc na ngrúpaí atá agus a bheidh i gcónaí ag brath ar an tseirbhís leabharlann soghluaiste tá siad siúd atá scoite go geografach, seanóirí, daoine faoi mhíchumas, daoine gafa sa teach, áitritheoirí tithe altranais agus páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna faoin tuath.Cinntíodh leanúnachas na seirbhíse go dtí seo de bharr deontas flaithiúil ón rialtas láir i 2003 lenár ceannaíodh feithiclí nua. Tá na forbairtí seo a leanas oiriúnach agus riachtanach do thodhchaí na seirbhíse le linn saolré an Phlean nua Forbartha Leabharlainne:

- Aonaid a laghdú ó 5 go 4 de bharr feabhsuithe i gclúdach an líonra brainse agus chun barainneacht oibriúcháin a bhaint amach.Thaispeáin athbhreithniú ar na seirbhísí leabharlann soghluaiste i 2013 go bhféadfaí i gcás na leabharlann soghluaiste uilig éifeachtacht a ghnóthú ach bealaí a shruthlíniú agus na hionaid atá cóngarach dá chéile a chomhdhlúthú. Dá nascfaí bealaí dhá sheirbhís Dheisceart Chorcaí agus go bhfreastalódh na seirbhísí soghluaiste eile ar na hionaid fhorimeallacha shábhálfaí ar lucht foirne, díosal, mótarcháin agus cothabháil feithiclí agus ní chuirfí as an iomarca don dream a bhíonn ag brath ar na seirbhísí.
- Feithiclí nua a fháil sa tréimhse 2014-2018 in áit na gceithre fheithicil reatha um rochtain phoiblí le cloí le riachtanais Sláinte &Sábháilteachtaagus

riachtanais éifeachtacht fuinnimh agus chun áiseanna níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí agus lucht foirne. Lorgófar maoiniú ón Roinn dó seo agus déanfar an chéad iarratas i 2014 do dhá fheithicil nua.

- An Córas um Bainistiú Leabharlainne a fheidhmiú sna leabharlanna soghluaiste nach bhfuil sé iontu cheana le go mbeidh an leibhéal céanna seirbhíse leis na brainsí acu.
- Féachaint le tiománaithe/cúntóirí cuícháilithe a fhostú a mbeadh ról lárnach acu i seachadadh seirbhíse agus i bhfeidhmiú caighdeáin dhéine Sláinte & Sábháilteachta.
- Clár cruinnithe ráithiúla a fheidhmiú leis an maor cothabhála agus an bainisteoir flíte i leith monatóireacht an chláir cothabhála agus na gceisteanna Sláinte & Sábháilteachta.

“Bíonn an leabharlann i nGleann Garbh uair sa gcoicís. Tá an fhoireann an-chairdiúil agus cuiditheach táim an-sásta a rá. Tuigim gur minic nach mbíonn a fhios ag daoine sa gceantar go mbíonn an leabharlann sa sráidbhaile. Is féidir dáta, am measta agus ionad stoptha an bhus i mbailte éagsúla larthar Chorcaí a fhógairt saor in aisce in éineacht leis na nótaí áitiúla i nuachtán an Southern Star sa Sciobairín. Tá comhfhreagraí i ngach sráidbhaile a thuairiscíonn faoi ábhair spéise an phobail áitiúil. Is féidir fógracht saor in aisce a chur i nuachtlitreacha na séipéal áitiúil freisin. Bheadh na ceantair tuaithe caillte gan an leabharlann.

-Ann Barron, Gleann Garbh

2.1.3 Seachadadh Seirbhíse: ar líne

Leanfaidh seachadadh na seirbhísí agus na mbailiúchán ar líne air ag méadú agus tógfaidh a n-áit go deas in éineacht le gnáthleabhair sna foirgnimh fhisiceacha.

- Córas nua um bainistiú leabharlainne gréasánbhunaithe a fheidhmiú a thugann rochtain chomhtháite gan uaim don úsáideoir ar gach bunachar sonraí leabharlainne agus ar shuíomh gréasáin na leabharlainne, a oireann meascán maith formáidí, le comhéadan meán sóisialta, idirghníomhú úsáideora agus réimse níos leithne seirbhísí ar líne. Seans go dtiocfar ar chóras a fhreastalóidh ar na riachtanais seo uilig tríd an bpróiseas tairisceana do chóras náisiúnta um bainistiú leabharlainne, a ndearna Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Cathrach Chorcaí comhiarratas air le deireanas. Scrúdóidh Leabharlann Chontae Chorcaí an bhféadfar aon chóras nua a bheadh ann a chomhfheidhmiú le Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Cathrach Chorcaí.
- Réimse na ríomhacmhainní a leathnú le ríomhleabhair a áireamh ann agus leanúint ar aghaidh ag cothú agus ag meas rathúlacht na seirbhísí seo. De bharr rathúlacht na ríomh-gclosleabhar agus na ríomhirisí cuireadh ríomhleabhair le catalóg na dteideal chun cur le rogha na bhformáidí trína féidir teacht ar ábhar léitheoireachta, le freastal ar rogha seachadadh digiteach litríochta mar aon leis an tóir mhór ar an ngnáthleabhar. Coinneofar súil ghéar ar fhorbairtí nua san earnáil seo de réir mar a fhorbraíonn an margadh.

“Caithfimid a bheith de shíor ag monatóireacht le fáil amach céard a chuireann fonn léitheoireachta ar ár leitheoirí agus céard a choinníonn ag léamh iad. Domsa is é an léamh an rud is tábhachtaí agus glacaim le cibé modh léitheoireachta a úsáideann daoine.

-Paula Courtney, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne, Leabharlann an Chóibh

- Aip leabharlainne a fhorbairt le réimse ríomhsheirbhísí a chuimsiú in áit fhíorúil amháin, le go mbeidh teacht go soghluaiste agus go héasca ar ár seirbhísí.
- Úsáid meán sóisialta a chur chun cinn mar uirlis lárnach do chothú imeachtaí, seirbhísí agus tionscnaimh leabharlainne agus mar cheann de na príomhbhealaí cumarsáide leis an bpobal faoi ábhair litríochta, cultúrtha, oidhreacht agus na healaíona. Léiríodh le deireanas chomh maith agus a oibríonn meáin shóisialta mar bhealach idirghníomhaíochta leis an bpobal nuair a chuaigh tvuít de chuid Leabharlann Contae Chorcaí faoi leabharlann taistil Napoleon ar fud an domhain ag gnóthú líon mór lucht leanúna nua dúinn. Tá Seirbhís na Leabharlainne fós ar cheann de phríomhúsáideoirí Leathanach Facebook Chomhairle Contae Chorcaí. Sna cúig bhliana romhainn forbrófar Polasaí Meán Sóisialta agus leathanach Facebook a bhainfidh go sonrach le leabharlanna, agus nascfar meáin shóisialta sna córais um Bainistiú Leabharlainne. Déanfar monatóireacht agus freastal mar is cuí freisin ar fhorbairtí nua san earnáil.

"Tá leathanach Facebook ag go leor de na leabharlanna a aithnínmse ar a bhfógraíonn siad imeachtaí, nuashonraí agus rogha leabhar don chlub leabhar. Ciallaíonn seo gur féidir le baill nach raibh ag an gcruinniú deiridh nuashonraí a fháil má bhíonn siad ina "gcara" nó má dhéanann siad "Is maith liom" (Like) (i gcás lth. gnólachta). Ciallaíonn sé freisin gur féidir leis an bplé faoi leabhar atá léite cheana, nó á léamh anois agat, a bheith ag leanúint ar aghaidh mura mbíonn tú sa leabharlann don phlé beo agus gur féidir leat é a leanúint agus do thuairimí a phostáil."

-Kristen Gleeson

- Má leanann an chomhpháirtíocht le FÁS, an ríomhfhoghlaim i gclár na leabharlann a leathnú le go mbeidh rochtain níos leithne ar fhoghlaim fadsaoil ó thaobh litearthacht ríomhaireachta.
- Má bhíonn maoiniú agus/nó acmhainní foirne ar fáil cuirfear tús le tionscadail chlibeála aitheantas radaimhinicíochta (RFID) siarghabhálach debhailiúchán siopaíleabhar. Is uirlis thábhachtach an t-aitheantas radaimhinicíochta imbainistiú éifeachtach bailiúchán agus uirlis as a dtiocfadh éifeachtacht bhreise sreabhadh oibre sa réimse seo.
- Labhairt le rannóg TF Chomhairle Contae Choraí agus le cuideachtaí cuí um thacaíocht TF féachaint an bhféadfaí tacaíocht a sholáthar do leabharlanna brainse deireanach tráthnóna agus Dé Sathairn. (Emer Kelleher, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne, Leabharlann Mhainistir na Corann)
- Suirbhé a dhéanamh ar fhoireann na leabharlainne le teacht ar an leibhéal agus cineál scileanna TF a theastaíonn don phost agus breathnú ar na roghanna atá ar fáil leis an oiliúint seo a sholáthar.
- Féachaint ar na bealaí go bhféadfaí seisiúin oiliúna neamhfhoirmiúla sna meáin shóisialta a chur ar fáil do bhaill breacaosta na leabharlainne.



"Tá an tacaíocht a thugann an fhoireann d'úsáideoirí ldirilín iontach ar fad, b'fhéidir go bhféadfaí é a leathnú agus ranganna neamhoifigiúla sa teicneolaíocht nua a chur ar fáil don dream sin againn nach úsáideann Twitter agus Facebook – agus nár fhás suas leo seo! (Seandream atá i gceist agam!). Níl i mblogáil srl ach focail, ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim, ní don obair amháin ach le coinneáil suas chun dáta agus le bheith páirteach sa bpobal."

-Ann Crowley, Dún Mánmhaí

2.2 Polasaithe agus pleanáil

- Féachaint le fodhlíthe nua a fheidhmiú do Leabharlann Chontae Chorcaí faoi Acht Rialtais Áitiúil 2001. Tá fodhlíthe reatha Leabharlann Chontae Chorcaí, a déanadh Faoi Achtanna Leabharlanna Poiblí 1855 go 1902, ann ón 15 Meitheamh 1920 agus cé go bhfuil siad spéisiúil ó thaobh na staire de níl siad feiliúnach ná infheidhme dáiríre in Éirinn an lae inniu. Le linn saolré an phlean seo féachfaidh an leabharlann le fodhlíthe nua a chur i bhfeidhm a thugann léiriú cuí ar thimpeallacht leabharlann nua-aimseartha in Éirinn agus ar na nithe a mbíonn tionchar acu air.
- An Polasaí um Fhorbairt Bailiúcháin a nuashonrú. Is uirlis é an polasaí um forbairt bailiúcháin a chuidíonn le míniú a thabhairt ar bhunús cinntí maidir le stoc a fháil, a bhainistiú agus a tharraingt siar, rud atá tábhachtach go háirithe mar gheall ar na laghduithe sna cistí leabhar ó 2008. Tá athbhreithniú ár bpolasaí reatha tráthúil freisin i gcomhthéacs an méid bealaí breise go gcuirtear bailiúcháin leabharlainne ar fáil don phobal, ag áireamh formáidí digiteacha.
- Dréachtphean tubaiste leabharlainne a chríochnú do Cheanncheathrú na Leabharlainne agus do na brainsí. Feictear ón méid tuilte breise a tharla i gCo. Chorcaí le cúpla bliain cé chomh tábhachtach agus atá cosc agus ullmhacht do thithe, do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí eile, leabharlanna ina measc. Cé nach bhfuil smacht ar dhrochaimsir táimid in ann le pleanáil chúramach an damáiste do bhailiúcháin leabharlainne, d'fhearas agus d'fhoirgnimh a laghdú.
- Polasaí Meán Sóisialta a fhorbairt don leabharlann i gcomhar le Gnóthaí Corparáideacha ina gcónasctar míreanna riachtanacha de Pholasaí Meán Sóisialta Chomhairle Contae Chorcaí ach a cheadaíonn freisin aidhmeanna éagsúla na Leabharlainne i dtaca le bheith gníomhach sna meáin shóisialta lena n-áirítear cur chun cinn na seirbhíse agus cumarsáid dháthaobhach lena lucht leanúna.
- Tosaíocht a thabhairt do na moltaí eile in Athbhreithniú na Seirbhíse Leabharlainne. Tá go leor de mholtaí Athbhreithniú 2011 ar na Seirbhísí Leabharlainne curtha i bhfeidhm agus leasuithe déanta ar chuid eile. Measfar na moltaí atá fágtha agus tabharfar tosaíocht feidhmiúcháin dóibh.
- Clár comhroinnt seirbhísí a fhorbairt leis an Leabharlann Cathrach agus é a athbhreithniú chuile trí bliana.
- Leanúint le feidhmiú Pholasaí um Chosaint Leanaí Chomhairle Contae Chorcaí agus súil a choinneáil ar fhorbairtí i gCosaint Leanaí go náisiúnta, go háirithe achtú Acht na Leanaí agus Rialacháin naGníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil um Chosaint Leanaí do Leabharlanna (atá á ullmhú agus é seo á scríobh), féachaint le bheith chomh siúrálte agus is féidir faoin gcaoi le déileáil le ceisteanna cosaint leanaí a d'fhéadfadh tarlú i leabharlanna.

2.3 Forbairt Foirne

Is ar fhoireann na leabharlainne a bheidh an fhreagracht do ghnóthachan aidhmeanna an phlean seo agus tá na spriocanna seo a leanas á leagan síos lena chinntiú go bhfuil an fhoireann oilte sna scileanna agus saineolas atá riachtanach do sheachadadh na ngnóthachan seo:

- Oibriú le go bhfaighfearar ais an maoiniú don cháiliócht ghairmiúil leabharlainne, le go bhféadfar leanúint le forbairt ghairmiúil, le cumasú agus spreagadh na foirne leabharlainne, agus go gcuirfear leis an saineolas atá cheana sa tseirbhís.
- Riachtanaíochtí cuí a shoiléiriú bunaithe ar shuirbhé foirne i leith dualgas foirne reatha agus foirne sa todhchaí agus teacht ar na modhanna is feiliúnaí chun na riachtanaí oiliúna seo a chur ar fáil.
- Clár oiliúna intí ar réimsí scileanna um fheidhmiú agus bainistiú leabharlainne a fhorbairt, idir déileáil le fiosrúcháin ghinealais go bunú agus reachtáil clubanna leabhar. Ba cheart go mbainfeadh an clár seo leas as scileanna agus saineolas foirne reatha, go dtabharfadh deis do bhaill foirne eolas a roinnt le chéile trí cheardlanna, cainteanna agus/nó meantóireacht, i gcomharoiliúint. (Molta ag roinnt den lucht foirne)
- Infheistiú i gceardlanna scileanna éagsúla a bhíonn éascaithe go seachtrach, ar nós úsáid meán sóisialta mar uirlis chumarsáide agus cur chun cinn, chun cur leis an oiliúint intí.
- Ugach a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach trí fhreastal ar chomhdhála Chumann Leabharlainne na hÉireann agus ar imeachtaí cuí eile, chun cur le heolas na foirne agus le comhroinnt taithí.
- Sceideal cuairte ar leabharlanna brainse a leagan síos don bhainistíocht shinsearach leabharlainne ar mhaithe le cumarsáid agus seachadadh éifeachtach seirbhíse a fheabhsú. Gan cur as an iomarca d'uaireanta oscailte, eagrófar freisin, gach dara bliain, cruinnithe grúpa idir bainisteoirí brainse rannóige agus a mbainisteoir rannach. (Linda McEvoy, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Leabharlann Chloich na Coillte)
- Clár malartú foirne idir na brainsí agus Ceanncheathrú na Leabharlainne a fhorbairt chun cur le hoiliúint intí agus le feachtas agus tuiscint ar phróisis agus gníomhaíochtaí réimsí éagsúla den soláthar seirbhíse. (Mairéad Clabby, Leabharlannaí Cúnta, Dún Mánmhaí)
- Liosta a dhéanamh de na "saineolaithe" ábhar/seánra (lucht foirne le spéis i réimse ar leith ar nós garraíodóireacht, scríobh faoi choireacht, beathaisnéisí) chun comhairle/saineolas a roinnt go leanúnach.
- Moltaí a chur faoi bhráid na heagraíochta maidir le struchtúr foirne (cóimheas gairmiúil/para-ghairmiúil) agus leibhéal foirne cuí do Leabharlann Chontae Chorcaí le scothsheirbhís leantach a sholáthar sna seirbhísí leabharlainne ó thaobh forbairtí áitiúla agus náisiúnta san earnáil.
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Chomhairle Contae Chorcaí a fheidhmiú.



2.4 Bainistiú agus Forbairt na mBailiúchán

“Ba mhaith liom go mbeadh níos mó stoc á mhalartú le leabharlanna áitiúla, le go mbeidh roghanna úrnua ann!”

-Tom Boland, WIT

- I 2013 thugseirbhís Leabharlann Chontae Chorcaí amach 1.76 milliún gnáthleabhar agus mar sin coinneoidh leis an bpríomhfhócas seo, is é sin seachadadh na litríochta ina bhunleagan trí líonra na mbrainsí agus na leabharlann soghluaiste. Riachtanach dá rathúlacht seo beidh nuashonrú rialta ar chuile chatagóir leabhar i ngach brainse agus coinneofar leis an gclár um athrú agus athnuachan stoc gnáthleabhar le linn saolré an phlean seo.
- De réir mar a thagann ardáin éagsúla chun cinn áfach leathnóimid na formáidí stoc atá againn taobh le taobh leis na gnáthleabhair agus measfaidh agus cothóimid rathúlacht na seirbhísí nua uilig. Feictear méadú leanúnach ar úsáid ríomh-chlosleabhair agus ríomhirisí, a cuireadh le punann acmhainní na leabharlainne le blianta beaga anuas, agus iad ag tógáil a n-áit le taobh an ghnáthúsáideora/neamhúsáideora traidisiúnta leabharlainne, ag tarraingt aird ar sheirbhísí leabharlainne i measc dhaoine nach mba bhaill leabharlainne iad le deireanas. De bhrí go bhfuil ríomhleabhair curtha anois le catalóg na dteideal beidh níos mó rogha fós ann sna bealaí go bhfuil teacht ar ábhar léitheoireachta, rud a fhreastalaíonn ar rogha daoine maidir le formáidí digiteacha chomh maith le hardéileamh leanúnach ar an ngnáthleabhar. Coinneofar súil ghéar ar fhorbairtí nua san earnáil seo de réir mar a fhorbraíonn an margadh.
- An Polasaí um Fhorbairt Bailiúchán a nuashonrú lenár gcinntí stoic a chur i gcomhthéacs i dtimpeallacht atá síorathraitheach. [Féach thuas Polasaithe agus Pleanáil].
- An cleachtas comhsholáthar stoic le Leabharlanna Cathrach Chorcaí a choinneáil suas agus a leathnú, agus fiosrú an bhféadfaí formáidí eile nach raibh áirithe i scóip na tairisceana píolótaigh a chur leis.
- Iarracht a dhéanamh an ciste leabhar a ardú go dtí an leibhéal roimh an gcúlú eacnamaíochta agus thairis fiú leis an sprioc-chaiteachas náisiúnta per capita €3.77 sa mbliain a bhaint amach.
- Roghanna a scrúdú maidir le hacmhainní síntiús ar líne ar nós ciclipéidí, ríomhirisí, cartlanna nuachtán agus bunachair eile sonraí eolais a chomhsholáthar le Leabharlann Cathrach Chorcaí, le breis a shábháil faoi chlár seirbhísí comhroinnte.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha sreabhadh oibre i rannóg na Seirbhísí Bibleagrafacha leis an tairbhe is fearr a bhaint as na hacmhainní reatha foirne sa rannóg.
- Na treoirlínte reatha d'fhoirne ó thaobh bainistiú stoic na mbrainsí agus an tsiopa leabhar a fhorbairt tuilleadh.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar stoc Cheanncheathrú na Leabharlainne agus an siopa leabhar MUMs ó thaobh bainistiú, cumas agus riachtanais stórála. Breis seilfeanna dlúth a chur sa siopa leabhar de réir mar a theastaíonn. Déanfar é seo nuair a bheifear ag réiteach comhaontú um stóráil chomhroinnte le Leabharlann Cathrach Chorcaí.
- Roghanna um ghiniúint ioncaim a mheas i gcás aistarraingt stoic.
- Cruinneas agus nuashonrúna catalóige a choinneáil suas go dáta trí sheiceálacha rialta stoic lena chinntiú gur féidir a dhearbhu cá bhfuil gach píosa stoic lonnaithe.
- Cur le rathúlacht an chlár Bibleagrafach trína chur i mbrainsí eile sa gcontae.
- Réimse na n-acmhainní atá ar fáil le freastal ar spéis léitheoirí óga faoi láthair agus de réir mar a athraíonn siad a fhorbairt ionas gur léiriú é ármabailiúcháin ar aiseolas ón ngrúpa seo.
- Na cnuasaigh litríochta Gaeilge agus teangacha iasachta a fhorbairt.



"I get an outstandingly good service from Dunmanway Library. It is a wonderful facility in our community and is a credit to all the staff there. I have a particular interest in reading modern European literature in the original language (in my case French and Spanish). I realise that this is a very minority interest but I feel that with an increasingly diverse population in Cork there would be an interest in books in European languages if they were available. My suggestion would be that a supply of such books could be held in the central library with a catalogue available either in local libraries or on line. Interested readers could then request these books through their local library. In this way a minority interest could be catered for at a relatively low cost."
-Pam de Haas

2.5 For-rochtain agus comhpháirtíocht

- De bhrí gur éirigh go maith leis an gcomhsholáthar leabhar le Leabharlann Cathrach Chorcaí an fhéidearthacht maidir le breis seirbhísí a roinnt leo a scrúdú agus díriú go háirithe ar chomhstóráil, catalógú agus cothabháil infreastruchtúr na bhfoirgneamh.
- Leanúint le scrúdú na bhféidearthachtaí maidir le bunú comhpháirtíochtaí straitéiseacha le leabharlanna eile i gCorcaigh agus in Iardheisceart an réigiúin, CorkPAL a fhorbairt mar áis comhroinnt seirbhísí le COC, ITC agus Leabharlanna Cathrach Chorcaí, agus cur leis an gcaidreamh a cruthaíodh le Leabharlann Chontae Chiarraí d'iarratas an Chórais um Bainistiú Leabharlainne. Tá soláthar, stóráil, teicneolaíocht agus cothú ar chuid de na réimsí lena mbaineann féidearthacht chomhchoiteann.
- Leabharlann an Chontae agus a sheirbhísí a fhógairt agus a chur chun cinn ar fud an chontae trí fhormáidí nuálacha agus nua, ag áireamh meáin shóisialta agus gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus coinneáil le modhanna traidisiúnta ar dhéan an leabharlann go maith dá mbarr, ar nós bróisiúir, nuachtlitreacha agus an raidió áitiúil, chun cur lenár láithreacht sa bpobal agus le cinntiú go bhfuil a fhios ag chuile dhuine i gContae Chorcaí faoi sheirbhís na Leabharlainne.
- Rathúlacht na scéime comhpháirtíochta bibleagrafach leis an FSS a fhorbairt trína fheidhmiú i leabharlanna brainse eile.
- Clár nó imeacht fógraíochta a bheadh breá feiceálach agus a cheanglófaí láithreach le seirbhísí leabharlainne fhorbairt don chontae uilig.
- Tograí um fhorbairt léitheora a chur ar fáil do gach aois, ar nós scéimeanna léitheoireachta samhraidh ar mhaithe le scileanna léitheoireachta páistí a chothabháil agus a fheabhsú le linn laethanta saoire an tsamhraidh.
- Taithí maidir le bainistiú agus eagrú tograí páistí, ar nós éascaitheoirí club leabhar agus insint scéalta, a thairiscint do mhúinteoirí faoi oiliúint. (Gillian Kelleher, Leabharlannaí Brainse, Maigh Chromtha)
- An ríomhfhoghlaim i gclár na leabharlann a leathnú má leanann an chomhpháirtíocht le FÁS le go mbeidh rochtain níos leithne ar fhoghlaim fadsaoil ó thaobh litearthacht ríomhaireachta.
- Oibriú le grúpaí áitiúla ar nós Grúpaí stair áitiúil, grúpaí óige, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, grúpaí ealaíne agus ceardaíochta agus grúpaí

tacaíochta le feasacht a ardú faoina seirbhísí gur féidir le leabharlanna a chur ar fáil dóibh. I measc na dtograí le deireanas bhí idirghníomhú le Men's Sheds chun iad a chur ar an eolas faoinár seirbhísí agus tacú le forbairt a seirbhísí féin, agus comhoibriú le Grúpa Cuimhneacháin an Chanónaigh Sheehan trí cheardlanna scríbhneoirí, comórtas gearrscéalta agus Lá Léitheoireachta a óstach.

- Oibriú agus cuidiú le tograí náisiúnta deonacha agus neamhbhrabúis mar a rinne Leabharlanna Poiblí de chuid na hÉireann le deireanas nuair a bhronn siad leabhair ar Ionad na nÉireannach i Londain.

"Tá seirbhísí reatha na leabharlainne thar barr ach ba mhaith liom níos mó seirbhísí oideachasúla d'úsáideoirí na leabharlainne, m.sh. grúpaí fealsúnachta, staidéir dlí, grúpaí ealaíne srl."
-Peter McManamon, An Pasáiste

- Imeachtaí cultúrtha a eagrú go comhoibriúch le hinstitiúidí eile i gCorcaigh ar nós Institiúid Chartlanna Chorcaigh agus COC le himeachtaí agus cláir chultúrtha a chur ar fáil do dhaoine ar fud an chontae.
- Idirghníomhú le ranna eile de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, ar nós an Aonaid Oidhreacht agus an Rannóg um Fhorbairt Turasóireachta le himeachtaí agus ábhar cultúrtha, oidhreacht agus eolais a sholáthar do shaoránaigh Chorcaí agus do thurasóirí a thagann ann.
- Naisc a chruthú le comhlachtaí seachtracha turasóireachta le fógraíocht a dhéanamh ar an bpacáiste seirbhísí atá ar fáil do thurasóirí, ag áireamh seirbhísí ginealais agus stair áitiúil agus píosa den suíomh gréasáin a fhorbairt do chuairteoirí/turasóirí.



2.6 Litríocht, Cultúr agus na hEalaíona

- Ár n-oidhreacht liteartha a chomóradh le himeachtaí a thugann litríocht agus daoine liteartha an ama atá caite chun beocht san am i láthair, ar nós Chomóradh Céad Bliain an Chanónaigh Sheehan, Comóradh Cuimhneacháin Thomás Dáibhis agus Lá Bloom.
- Barrfeabhais leanúnach san aschur liteartha a chomóradh le comórtas na ngearrscéalta agus tacaíocht do ghrúpaí a bhíonn ag scríobh.
- Scríbhneoirí agus cruthaitheoirí atá beo agus ag obair a chur chun cinn trí óstach cuairteanna údar agus ceardlanna liteartha agus ealaíne.

“Molaimse go mbeadh ceardlanna léamh os ard ann agus seisiúin ina léadh scoláirí na hidirbhliana do sheanóirí, daoine óga agus rómánsaithe.”
-Mary Moore, Maigh Chromtha

- In éineacht leis an tacaíocht do chlubleabhair trí liostaí léitheoireachta, blociasachtaí agus óstach cruinnithe, bealaí nua ísealchostais eile a scrúdú leis an ngrá don léitheoireacht agus don litríocht a chothú i measc na ngrúpaí uilig sa bpobal, ar nós seisiúin léitheoireachta os ard.
- Leanúint leis an tacaíocht agus leis an bpáirt lárnach i bhFéile Liteartha Iarthar Chorcaí, agus an leabharlann a choinneáil i gcroílár na féile.
- Cruthaitheacht ealaíne a chur chun cinn i measc lasachtaithe trí shraith comórtas dearaidh a chuireann seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí chun cinn freisin, ar nós Dearadh Cárta Leabharlainne, Dearadh Féilire.
- Leathnú amach a dhéanamh, i 2014, ar an gclár gníomhaíochtaí ealaíne sin nach gclúdaítear sa bhféilire féilte.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar na bealaí a thugann an luach is fearr airgid i gcás bhuiséad ealaíon na leabharlainne, lena chinntiú go roinntear an acmhainn seo chomh cothrom agus chomh héifeachtach agus is féidir ar fud líonra na mbrainsí agus na leabharlann soghluaiste sna 5 bhliana romhainn.

- Cur leis na cláir ealaíon leabharlainne trí thairbhe a bhaint as scileanna agus tallann na foirne d'imeachtaí aonuaire nó d'imeachtaí féile, nuair atá baill foirne sásta cuidiú le ceardlanna ealaíne/ceardaíochta, seisiúin insint scéalta a sholáthar nó seisiúin ceoil a thabhairt. (Liz Desmond, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Leabharlann Mhainistir Fhear Maí)
- Trí chlár oiliúna agus eolais intí, saineolas na foirne a leathnú maidir le bunú agus éascú grúpaí litríochta, cultúrtha agus ealaíne ag áireamh clubanna leabhar, grúpaí scríbhneoirí, clubanna cniotála, ciorcail cainte agus srl.
- Clár imeachtaí agus taispeántas Cheanncheathrú na Leabharlainne a leathnú agus a chur chun cinn agus cur in iúl do ghrúpaí cultúrtha, ealaíne agus pobail go bhfuil fáil ar an áit.
- Na leabharlanna brainse go bhfuil neart spáis iontu a chur chun cinn mar ionaid d'ealaíontóirí pobail agus grúpaí ealaíne lena gcuid oibre a chur ar taispeáint iontu.



"Until a few years ago, I displayed a selection of the work from the adult education art class on the walls of Schull Library; since my cancer diagnosis, the classes haven't run, but having now got my health back, I have approached the new principal and hope we may re-start the classes. Some new artwork on the walls would add to the improvement of Schull Library in recent years, especially during Schull Art Week."
 -John Abbott, Long Island, Schull

2.7 Stair Áitiúil, Ginealas agus Oidhreacht Chultúrtha

- Plean a fhorbairt do ghníomhaíochtaí na seirbhíse Tagartha agus Staidéir Áitiúla le cinntiú go leantar le forbairt na mbailiúchán priontála agus ilmheán, agus go gcuirtear feabhas ar a sheirbhísí trí chothú, oiliúint, for-rochtana agus comhpháirtíochtaí le foirne brainsí agus leis an bpobal. Suíomh gréasáin na staidéar áitiúil a fhorbairt ar fud an chontae uilig mar mhol stair áitiúil agus oidhreachta.
- Clár digitithe na ngnéithe agus na mbailiúchán annamh, uathúil agus/nó suntasach a fhorbairt, ó thaobh dlí cóipchirt, úsáid fhéideartha, ábhar atá digitithe cheana féin ag institiúidí eile agus an bhail ar na gnéithe/bailiúcháin. Leanúint ag soláthar bailiúcháin dhigitithe ar shuíomh gréasáin Leabharlann Chontae Chorcaí.
- Leabhar nó leabhrán faoi ábhar a bhaineann le stair áitiúil Chontae Chorcaí a fhoilsiú chuile bhliain agus an t-airgead as a úsáid do mhaoiniú thionscadal na bliana ina dhiaidh sin. Ag an tráth seo ní amháin go gcoinníonn agus go gcaomhnaíonn muid bailiúcháin stair áitiúil neamhchoitianta ach úsáideann muid eolas astu go seasta, agus ar an mbealach sin bíonn siad beo i gcónaí. Forbrófar an ról seo tuilleadh sna blianta romhainn le maoiniú d'fhoilseacháin stair áitiúil, taobh istigh de pharaiméadair sainithe, do chur chun cinn an méid eolais atá coinnithe sa Leabharlann.
- Leanúint ag soláthar clár taispeántas agus cainteanna faoi thopaicí stair áitiúil le linn féilte náisiúnta ar nós 'An tSeachtain Oidhreachta' agus 'An Oíche Chultúir' a bheith ar siúl. Ábhar na gcainteanna/dtaispeántas seo a bheith ar fáil ar an suíomh gréasáin nuair is féidir é.



"The library at Carrigaline is a wonderful place and all the staff are very helpful. The only comment I would like to make: could we have more talks on a variety of different topics."
-Anne Oulsnam, Carrigaline

- Réimse na n-acmhainní uilig atá ar fáil do thaighde stair áitiúil nó ginealais, nó ábhar spéise ar leith, a chur ar fáil trí sheisiúin duine le duine nó grúpsheisiúin, ach coinne a bheith déanta faoina gcomhair.
- An tseirbhís tagartha agus staidéir áitiúla a mholadh do mhúinteoirí Staire le feacht a mhéadú faoin réimse acmhainní atá ar fáil do scoláirí Staire na hArdteistea bhíonn ag déanamh aistí féintreoirithe.(Danielle Crowley, Oifigeach Foirne Leabharlainne, Leabharlann an Chóibh)
- Naisc a chruthú le meáin áitiúla féachaint an bhféadfaí colún seachtaine a chur i nuachtlitreacha áitiúla nó paróiste, agus baill foirne a chur ar fáil d'athbhreithniú ábhar craolta agus/nó prionta.(Kieran Wyse, Leabharlann Tagartha agus Staidéir Áitiúla)
- Socrú ar céard le déanamh le hacmhainn mhór ginealais na gclár paróiste atá innéacsaithe mar chuid den tionscadal innéacsaithe ginealais, trí mheasúnú na n-uirlisí éagsúla atá ann cheana d'fhoilsiú na dtaifead innéacsaithe, na ndeiseanna agus dualgas i leith gach ceann, agus trí scrúdú na mbealaí eile go bhféadfaí tabhairt faoi. Nuair a aontaítear ar ardán dó, an hacmhainn sin a mholadh do shaoránaigh Chorcaí, do chuairteoirí a bhíonn i gCorcaigh agus do dhiaspóra Chorcaí thar lear.
- Bróisiúr a chur le chéile faoi sheirbhísí ginealais mar aon le treoir faoin mbealach le teacht ar lucht sinsir.(Elizabeth Desmond, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Leabharlann Mhainistir Fhear Maí)
- Clár imeachtaí a chur le chéile, i bhfoirm taispeántais, foilseacháin agus léachtaí, mar chomóradh 100 bliain ar an tréimhse ba réabhlóidí dá raibh againn i stair na hÉireann, na hamanna trioblóideacha idir 1916 agus 1923, a scrúdódh an t-am atá caite agus an chaoi ar mhúnlaigh sé an t-am i láthair agus muid ag féachaint siar 100 bliain níos deireanaí.
- Féachaint ar na hacmhainní a theastaíonn chun an Leabharlann Tagartha agus Staidéir Áitiúla a oscailt don phobal maidin Dé Sathairn agus má tá na hacmhainní sin ann é a oscailt.

AGUISÍN A 1 – MOLTAÍ Ó BHAILL DEN PHOBAL

“Táimse ag teacht chuig Leabharlann Dhún Mánmhaí le breis agus 20 bliain agus ní fheicim cén chaoi gur féidir an tseirbhís a fheabhsú. Tá sé díreach ceart. In éineacht le go dtugann sé luach iontach ar airgead (táim breá sásta breis a íoc más gá) ba mhaith liom féin agus daoine eile aird a dhíriú ar na tairbhí gan áireamh a fhaigheann an baile as an áis seo. Níl aon áit eile cosúil leis. Nuair a fheiceann tú an méid sin daoine agus leanaí ón oiread sin cúlra agus creidimh agus leis an oiread sin smaointe polaitiúla ag meascadh le chéile go síochánta tugann sé údar dóchais dúinn don todhchaí sna hamanna deacra seo. Tabhair ardú pá don fhoireann!” (Ms. Karen Forest, Dún Mánmhaí)

“Tá sé iontach go bhfuil an leabharlann áitiúil bainteach leis na scoileanna áitiúla. D’fhéadfaí forbairt bhreise a dhéanamh air seo go cinnte. Tugann sé deis do pháistí nach bhfuil aon spéis acu sa léitheoireacht le dul i gcleachtadh ar údair éagsúla agus ar chomh taitneamhach agus is féidir le léitheoireacht a bheith. Plean maith a bheadh ann cuireadh a thabhairt d’údair éagsúla. Tá leabharlann mhaith do pháistí i gceantair thuaithe fíorthábhachtach.” (Jo McSweeney, Dún Mánmhaí)

“An dara ríomhaire le do thoil. Tabhairdeis 45 nóiméad ar an idirlíon do dhaoine. Bheadh spás ar fáil dá dtabharfaí faoi go cliste. Dara áit nuachtán. Do Dhaoine Fásta. Tá spás a d’fhéadfaí a úsáid ar chlé de dheasc an leabharlannaí, ar aghaidh an leabharlannaí, iompaithe soir i bhfocail eile. D’fhéadfaí an dá áit a scaradh le laindéal greamaithe nó saorsheasaimh. Leithreas don phobal? Both d’fhoghlaim teangacha? Both do Skype? Both don Idirlíon? Seomra do phlé grúpa. Club leabhar. Áiseanna le tae a dhéanamh!! Cluasáin láidre seasmhacha. Scanadh/Scanóir. Eolas do Thurasóirí!!! Imeachtaí sóisialta chuile 6 mhí. Na céadta tuairimí! Coinnigh suas an obair iontach. Áit le brí agus beocht faoin tuath in Éirinn. Ionad sóisialta in áiteanna scoite. Sin a méid.” (Florence Newman, An Scoil)

“Is áit iontach í Leabharlann Charraig Uí Leighin agus tá an fhoireann uilig fíorchuidiúil. Is é an t-aon rud ba mhaith liom a rá ná: an bhféadfadh tuilleadh cainteanna a bheith againn faoi thopaicí éagsúla? (Anne Oulsnam, Bun an Tábhairne)

“Bréagáin do pháistí le linn do pháistí níos sine, Máithreacha agus Aithreacha a bheith ag léamh, cúisíní le suí orthu, seisiúin insint scéalta (gach lá).” (Gemma- úsáideoir óg ó Leabharlann Dhún Mánmhaí)

"Málaí suí do pháistí agus iad ag léamh, seanscannáin paistí ar DVD, m.sh.Chitty Chitty Bang Bang, Shirley Temple, srl."(Molly- úsáideoir óg ó Leabharlann Dhún Máinmhaí)

"B'fhéidir go bhféadfadh an leabharlann oscailt deireanach tráthnóna nó dhó sa tseachtain.Bhíodh mise ag cónaí i mBaile Coimín i gCo.Chill Mhantáin agus bhíodh daoine fíorshásta faoi seo.Ainneoin ciorruithe bhí siad in ann an tseirbhís tráthnóna a choinneáil ach fanacht oscailte ón 1i.n. go 8i.n. dhá lá sa tseachtain rud a d'fhreastal freisin ar dhaoine go dtaitníodh leo dul ann ag am lóin.(Melanie Smith, Mainistir Fhear Maí)

"Is áis iontach í Leabharlann Mhainistir Fhear Maí do chuile dhuine, idir sean agus óg.Molaimse é do dhaoine go minic, ní amháin do leabhair ach don Idirlíon, taispeántais ealaíne agus club leabhar freisin.Bheadh moladh amháin agam áis caife a bheith ann!Bheadh sin iontach ar fad!"(Fiona Kiely, Mainistir Fhear Maí)

"Is í Leabharlann Chionn tSáile mo leabharlann áitiúil agus tá an leabharlannaí ansin Bean Uí Chonaill an- deas agus cuidiúil.Seo iad mo mholtaí don leabharlann – foirgneamh níos mó don leabharlann ina mbeadh spás do pháistí,leithris agus áis d'athrú feistis leanaí, DVDanna ar cíós, am níos faide do leabhair ar cíós. I mo leabharlann roimhe seo i Christchurch sa Nua Shéalainn bhí dhá thréimhse cíosa ann - seachtain amháin i gcás leabhair nua-eisithe ar tháille \$5 agus 4 seachtaine i gcás na leabhar eile. Cheapas gur oibrigh sé sin go maith."(Jeanette, úsáideoir de chuid Leabharlann Chionn tSáile)

"Táim thar a bheith tógtha le cineáltas, atmaisféar agus áiseanna Leabharlann Mhaigh Chromtha.Ba mhaith liom dá n-osclódh sé go dtí 9.30-10i.n oíche sa tseachtain freisin do chainteanna agus scannáin.Bhíodh baint agam leis na blianta le scríobh cruthaitheach, scrabble agus ficheall don óige i Leabharlann Mhaigh Chromtha agus ba mhaith liom go mbeidís ann i gcónaí. Tá ardmholadh tuilte ag foireann Leabharlann Mhaigh Chromtha mar tá tóir mhór ar an Leabharlanni Maigh Chromtha dá mbarr."(Úsáideoir de chuid Leabharlann Mhaigh Chromtha)

"Tá an teaghlach uilig (6) ina mbaill agus is breá linn ar fad an leabharlann anseo i Maigh Chromtha agus an fhoireann uilig atá cairdiúil, cuidiúil agus ar fheabhas.B' áis iontach an club leabhar leis na páistí a spreagadh le dul ag léamh agus le coinneáil leis an léamh –taitneoidh an léamh agus an fhoghlaim leo an chuid eile dá saol.Is é an leabharlann an luach is fearr airgid i gContae Chorcaí."(Úsáideoir de chuid Leabharlann Mhaigh Chromtha)

"Tá Leabharlann Chionn tSáile i bhfad róbheag – ní díreach d'fheidhmeanna bunúsacha leabharlainne ach níl áit ann do ghníomhaíochtaí pobail mar shampla ar nós atá i nDroichead na Bandan – ceol – leanaí – cniotáil – cainteanna agus imeachtaí eile pobail. Céard a tharla don phlean a bhí ann i lár na 1980aidí – go mbeadh urlár na talún sa tseanmhuilinn ina leabharlann áitiúil?Nora M.Hickey, Cionn tSáile

“Tá Leabharlann an Chóibh thar a bheith tábhachtach domsa agus mo chlann. Níl sé ar mo chumas leabhair a cheannach ach mhairfinn ag léamh. Coinníonn léamh ag imeacht mé i mo shaol gnóthach. Úsáidim é mar mhodh tagartha agus mar fhaoiseamh. Tugaim mo pháistí ann go rialta agus ba mhaith liom a spéis san eolas a mhúscailt mar go gcuirfidh sé lena saol. Téann mo pháistí ag an leabharlann freisin ón scoil. Tá sé seo fíorthábhachtach do mo mhac a bhfuil uathachas air. Tá an fhoireann suáilceach, cuidiúil agus cuimsitheach – tréithe nach bhfeictear i gcónaí i siopaí srl i leith mo mhac- áit shábháilte dósan é. Ceapaim go gcuirfeadh leabharlann bréagán (bréagáin gan ceallraí) leis na seirbhísí iontacha atá ann cheana.” (Niamh Linehan, An Cóbh)

“Teastaíonn a ngnátháit oibre ón bhfoireann. Níl na coinníollacha faoina mbíonn orthu oibriú feiliúnach do leabharlann nua-aimseartha. Ceapaim freisin mar bhall go dteastaíonn breis spáis uaim le mo chuid leabhar a roghnú. (Anne Greene, An Cóbh)

“Tá seirbhísí reatha na leabharlainne thar barr ach ba mhaith liom níos mó seirbhísí oideachasúla d’úsáideoirí na leabharlainne, m.sh. grúpaí fealsúnachta, staidéir dlí, grúpaí ealaíne srl.” (Úsáideoir de chuid Leabharlann An Pasáiste)

“Teastaíonn níos mó de na leabhair Magic Rainbow, ba cheart DVDs páistí a fháil.” (Ciara, úsáideoir óg leabharlainne)

“Molaimse go mbeadh ceardlanna léamh os ard ann agus seisiúin ina léadh scoláirí na hidirbhliana do sheanáoirí, daoine óga agus rómánsaithe.” (Úsáideoir de chuid Leabharlann Mhaigh Chromtha)

“Bíonn an leabharlann i nGleann Garbh uair sa gcoicís. Tá an fhoireann an-chairdiúil agus cuidiúil táim an-sásta a rá. Tuigim gur minic nach mbíonn a fhios ag daoine sa gceantar go mbíonn an leabharlann sa sráidbhaile. Is féidir dáta, am measta agus ionad stoptha an bhus i mbailte éagsúla Iarthar Chorcaí a fhógairt saor in aisce in éineacht leis na nótaí áitiúla i nuachtán an Southern Starsa Sciobairín. Tá comhfhreagraí i ngach sráidbhaile a thuairiscíonn faoi ábhair spéise an phobail áitiúil. Is féidir fógraíocht saor in aisce a chur i nuachtlitracha na séipéal áitiúil freisin. Bheadh na ceantair tuaithe caillte gan an leabharlann.” (Ann Barron, Gleann Garbh, Úsáideoir Leabharlann Soghluaiste Iarthar Chorcaí)

“Creidimse go bhfuil sé riachtanach go gcoinneodh An Cóbh a leabharlann ach go n-athróidís ar ais go dtí an t-áitreabh níos mó a bhí acu ar dtús. Is áis áitiúil fhíorluachmhar an leabharlann ach ní mór é a mhéadú leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as. Níl an spás leabharlainne faoi mar atá sé faoi láthair sásúil mar acmhainn chuí oideachais (grúpaí léitheoireachta, club leabhar, insint scéalta srl.). Tá sé tuilte ag muintir an Chóibh agus ag foireann tiomanta díograiseach Leabharlann an Chóibh go gcuirfí feabhas mór ar an leabharlann áitiúil.” (Jim Quinlan, Comhairleoir, An Cóbh)

“Is seirbhís riachtanach í an leabharlann dár bpobal, go háirithe ár bpobal scoile. Soláthraíonn an leabharlann réimse leathan litríochta do pháistí lena scileanna léitheoireachta agus leibhéal spéise a fheabhsú. Níl na hacmhainní ag scoileanna lenár leabharlann a nuashonrú go rialta de bharr dianchiorruithe sna cistí scoile, tugann an leabharlann áitiúil rogha eile áfach do na páistí áitiúla agus mar scoil áitiúil úsáideann na ranganna againn go

rialta é. Níl an áis reatha feiliúnach do chuairteanna scoile le ranganna 30+. Bheadh muid in ann cuairteanna rialta a dhéanamh dá n-osclófaí an seanáit arís. Tá 6 bhunscoil i gceantar an Chóibh agus teastaíonn an leabharlann ó chuile scoil acu le spreagadh breise a thabhairt ó thaobh léitheoireachta agus feabhas ar scileanna liteartha.” (Múinteoir, úsáideoir de chuid Leabharlann an Chóibh).

“Cuireann an leabharlann seirbhís riachtanach ar fáil don bhaile agus do mhuintir Chóibh agus ba chóir é a lonnú san áitreabh ina raibh sé ar dtús mar go bhfuil an spás breise ann lena ról a chur i gcrích sa mbealach is fearr.” (Úsáideoir de chuid Leabharlann an Chóibh)

“Anseo i gCionn tSáile is é ár leabharlann croílár an phobail. Níl ach spás an-bheag againn faraor don mhéid daoine a úsáideann é. Dhéanadh muid le breis spáis, agus spás ar leith do pháistí. Bheadh athrú rialta leabhar go maith freisin mar nach dtarlaíonn sé an-mhinic. Maidir lenár leabharlannaí tá sí thar barr, réidh le cúnamh a thabhairt i gcónaí, aithne aici ar na daoine agus í anghealgháireach i gcónaí. Bheadh sé deacair duine a chur ina háit.” (Elizabeth O’Leary, Cionn tSáile)

“Ba cheart don Leabharlann sa Scoil a bheith oscailte Dé Sathairn nó Dé Luain, ní Dé Domhnaigh. Ní gá a bheith oscailte Dé Domhnaigh níos mó faoi mar a bhíodh roimhe seo (le freastal ar na hoileánaigh a thagadh chun na mórthíre uair sa tseachtain d’Aifreann an Domhnaigh).” (Úsáideoir de chuid Leabharlann na Scoile)

“Suas go dtí cúpla bliain ó shin, bhínn ag taispeáint roinnt d’obair rang ealaíne an oideachais aosaigh ar bhallaí Leabharlann na Scoile, ach de bharr ailse a bheith orm chríochnaigh na ranganna, ach anois arís agus an tsláinte ar ais agam táim ag súil, tar éis a bheith ag caint leis an bpríomhoide nua, na ranganna a thosaí arís. Chuirfeadh roinnt obair nua ealaíne ar na ballaí leis an bhfeabhas ar Leabharlann na Scoile le cúpla bliain anuas, go háirithe le linn Sheachtain Ealaíne na Scoile.” (John Abbott, An tOileán Fada, An Scoil)

“Ba mhaith liom an dara ríomhaire a bheith ar fáil i Leabharlann na Scoile. Ní mórán ama an 30 nóiméad atá ceadaithe faoi láthair agus tá sé deacair aon rud a chríochnú san am sin. Tá sé iontach gur cuireadh ríomhaire sa leabharlann mar is rochtain shaor é ar Ríomhaire Pearsanta agus ar an Idirlíon, rudaí nach gá go mbeadh i gcumas an ghnáthdhuine teacht orthu.” (Úsáideoir de chuid Leabharlann na Scoile)

“Bheadh sé fíoráisiúil dá bhféadfadh baill leabhair atá i leabharlanna éagsúla a éileamh tríd an gcatalóg ar líne. Ba cheart go mbeadh sé seo furasta leis an teicneolaíocht atá ar fáil.” (Úsáideoir leabharlainne)

“Ba cheart go gcloíodh daoine leis an riail ciúnais sa leabharlann, go ndéanfaí torann dhíonach na háiteanna a úsáideann baill club leabhar do chomhráití agus plé agus áiteanna a úsáideann páistí do sheisiúin insint scéalta ionas nach mbeadh an iomarca gleo sa bpríomhchuid den leabharlann, go mbeadh níos mó príobháideacht ann d’úsáideoirí ríomhaire, go n-iompófaí an ríomhaire ó radharc dhaoine eile.” (Úsáideoir de chuid Leabharlann Chloich na Coillte)

"Is ball den leabharlann mé agus úsáidim áiseanna Mhaigh Chromtha agus Dhún Mánmhaí. Is seirbhís den scoth é agus is é caighdeán na foirne an rud is iontaí faoi. Tá siad thar a bheith cuidiúil, fíoreolasach agus fíordhúthrachtach." Is ball mé den Chiorcal Cainte agus de Chlub Leabhar Mhaigh Chromtha atá á reachtáil go fíormhaith agus atá fíorthaitneamhach – cuidíonn siad liom freisin ó thaobh coinneáil suas leis an nGaeilge labhartha agus le réimse mór leabhar. Tá grúpaí rathúla eile sa leabharlann freisin a chuidíonn leis an gcaighdeán saoil i gceantar tuaithe Iarthuaisceart Chorcaí. Moladh: Tá an tacaíocht a thugann an fhoireann d'úsáideoirí Idirlín iontach ar fad, b'fhéidir go bhféadfaí é a leathnú agus ranganna neamhoifigiúla sa teicneolaíocht nua a chur ar fáil don dream sin againn nach n-úsáideann Twitter agus Facebook – agus nár fhás suas leo seo! (Seandream atá i gceist agam!) Níl i mblogáil srl ach focail, ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim, ní don obair amháin ach le coinneáil suas chun dáta agus le bheith páirteach sa bpobal." (Úsáideoir de chuid Leabharlanna Mhaigh Chromtha agus Dhún Mánmhaí).

"Mheasas go mba cheart dom moltaí a dhéanamh don phleanáil fhadtréimhseach atá idir lámha ag an tseirbhís leabharlainne bunaithe ar mo thuairimí féin agus ar chinn mo chomhghleacaithe a oibríonn i Meiriceá agus sa RA. Beidh neart dúshláin ann amach anseo agus bhíodhas sásta a chloisteáil go rabhtas ag tabhairt faoi phlean fadtréimhseach.

Tá maoiniú agus míniú ar na fáthanna go dteastaíonn leabharlannain a rud laethúil do mo chomhghleacaithe i Meiriceá áit a mbraitheann na leabharlanna ar mhaoiniú áitiúil agus réigiúnach den chuid is mó. Mar sin tá ceangal láidir idir iad féin agus baill an phobail a bhíonn ar bhoird na leabharlann agus ar na comhairlí baile a thugann formhór an mhaoinithe. Dá bhrí sin tugadh faoi ghnéithe éagsúla a chruthódh níos mó mothúchán pobail i measc a gcuid ball agus déanadh iarracht coinneáil suas le treochtaí éagsúla, cuid acu le fíorbheagán airgid agus cuid eile (in áiteanna níos saibhre) le neart airgid. Thriail roinnt acu an cur chuige "chuile rud do chuile dhuine" mar atá coitianta sa RA. Is ionad ilfhreastail do na seirbhísí pobail ar fad é Leabharlann Fowey i Cornwall sa RA. Tá seomra acmhainne ag an gcomhairle ann d'ábhar faoi dhífhostaíocht agus faoi sheirbhísí sóisialta eile, tagann lucht comhairle do shaoránaigh ann go rialta. Casann grúpaí ealaíne, scríbhneoireachta, club leabhar agus ceardaíochta ar a chéile ann. Dá bharr seo bhí siad in ann duine eile a fháil ón gcomhairle le lámh chunta a thabhairt agus uaireanta breise oscailte a bheith acu. Shocraigh siad meaisín beag caife (féinfhreastail) i gcoirnéal beag den leabharlann freisin le go mbeadh cupán ag duine agus iad ag caitheamh súil ar na leabhair.

Tá an siopa caife sna leabharlanna coitianta sna SA ag leanúint den nós sin sna siopaí leabhar. Tá na siopaí leabhar ag dúnadh anois (seachas cinn bheaga neamhspleácha) agus tá sé suimiúil cén cuidiú iad na siopaí caife le baill agus maoiniú a choinneáil. Gnéithe simplí eile a bheadh ábhartha do Sheirbhísí Leabharlainne Chontae Chorcaí is ea úsáid naseirbhísí meán sóisialta le daoine a tharraingt agus a mhealladh sna blianta romhainn. Tá leathanach Facebook ag go leor de na leabharlanna a aithníomse ar a bhfógraíonn siad imeachtaí, nuashonraí agus rogha leabhar don club leabhar. Ciallaíonn seo gur féidir le baill nach raibh ag an gcruinniú deiridh nuashonraí a fháil má bhíonn siad ina gcara nó má dhéanann siad "Is maith liom" (Like) (i gcás Ith. gnólachta).


Ciallaíonn sé freisin gur féidir leis an bplé faoi leabhar atá léite cheana, nó atá á léamh anois agat, a bheith ag leanúint ar aghaidh mura mbíonn tú sa leabharlann don phlé beo agus gur féidir leat é a leanúint agus do thuairimí aphostáil. Tá a fhios agam i gcás club leabhar Bhaile Bhuirne gurbh éigean do roinnt baill éirí as mar gheall ar phatrúin oibre nó a bheith ag breathnú amach do gharchlann. Fós faigheann siad an leabhar agus leanann ár n-ábhar léitheoireachta ach ní bhíonn siad in ann ach tuairimí indíreacha a thabhairt agus ní bhíonn deis cheart acu tuairimí na ndaoine eile faoina mbíonn ráite acu a chloisteáil. B'fhéidir go meallfaísteach bailló chlubanna leabhar óige agus déagóirí tríd an deis chun plé seo. Tá fóin póca cliste ag an gcuid is mó déagóirí anois agus ardóidh an uimhir sin tuilleadh. Mar go n-oibríonn siad ar luas lasrach lena sult a roinnt lena gcairde tá deis ann cur leis seo agus b'fhéidir baill nua a mhealladh isteach. D'fhéadfaí leabhair nua agus ábhair eile a fhógairt ar an Leathanach Facebook freisin agus í a choinneáil mar ghné ghníomhach leanúnach.

Ní gá go bhfeilfeadh sé chuile leabharlann leathanach a bheith acu ach an chuid go bhfuil sé acu d'fhéadfaí na naisc a chur ar shuíomh gréasáin na leabharlainne. Taobh amuigh de sin d'fhéadfaí na gnéithe féin a chur ar shuíomh gréasáin na leabharlainne ach tá Facebook níos áisiúla don té a sheiceálann a leathanach Facebook uair sa ló ar a laghad. Breathnaíonn sé go bhfuil na meáin shóisialta ag fás agus táim féin ag tabhairt níos mó suntais dóibh ag mé a bheith i mbun margaíochta ar mo chuid leabhar le cúpla bliain. Bheinn toilteanach roinnt cúnamh a thabhairt, go háirithe i Leabharlann Bhaile Bhuirne tharla go mbím ag plé le meáin shóisialta beagnach chuile lá." (Kristen Gleeson, úsáideoir ó Leabharlann Mhaigh Chromtha agus iarbhall foirne)

"Táim buíoch as deis a fháil le moltaí a dhéanamh. Maidir le leabharlann Bhaile an Chollaigh tá seirbhís den scoth ann. Ba mhaith liom go mbeadh áit na bpáistí athraithe go spás mar an gcéanna i dtosach na leabharlainne agus nuachtáin curtha gar do na ríomhairí. An bhféadfaí cuntais ríomhphoist a dhúnadh síos nuair a shínítear amach astu nó tar éis 1 uair an chloig? Feicim go mbím istigh i gcuntais ríomhphoist dhaoine eile mar nár shínigh siad amach. Ceapann siad go ndúnann a ríomhphoist go huathoibríoch nuair a dhúnann siad síos faoin bpassfhocal agus uimhir cárta leabharlainne. Tá tonóir an phrintéir an-lag chomh maith. Is seirbhís den scoth é." (Úsáideoir as Leabharlann Bhaile an Chollaigh)

"Faighim seirbhís den scoth i Leabharlann Dhún Mánmhaí. Is áis iontach inár bpobal é agus a chreidiúint sin ag dul don fhoireann uilig atá ann. Tá spéis ar leith agam nualitríocht Eorpach a léamh sa mbunteanga (Fraincis agus Spáinnis i mo chás). Tuigim nach bhfuil ach tóir an-íseal air seo ach toisc méadú ar dhaonra an-éagsúil i gCorcaigh measaim go mbeadh suim i leabhair i dteangacha Eorpacha dá mbeidís ar fáil. Molaimse go bhféadfaí soláthar de na leabhair seo a chur sa bpríomhleabharlann agus catalóg a bheith ar fáil sna leabharlanna áitiúla nó ar líne. Ansin bheadh léitheoirí ar suim leo na leabhair seo in ann iad a éileamh trína leabharlann áitiúil. Sa mbealach seo d'fhéadfaí freastal ar mhionspéis ar chostas sách íseal." (Pam de Haas)

AGUISÍN A 2 – MAPA DE SHUÍMH NA LEABHARLANN IN AGHAIDH AN DAONRA DE RÉIR TOGHCHEANTAR



AGUISÍN A 3 – STAITISTICÍ 2013

IOMLÁN NA mBRAINSÍ	Baill	Iasachtaí	Cuairteoirí	Idirlíon
Baile an Chollaigh	3,135	95,363	96,800	4,703
Baile Bhuirne	339	12,394	7,400	329
Droichead na Bandan	2,795	87,773	138,850	3,876
Beanntraí	2,102	64,805	77,050	3,272
An Bhlarna	1042	35,541	18,450	626
Carraig Uí Leighin	3,782	98,899	99,950	5,778
Baile Chaisleáin Bhéarra	719	18,367	12,850	454
An Ráth	1,395	48,491	56,650	3,543
Cloich na Coillte	3,034	94,407	97,200	5,481
An Cóbh	1,488	43,434	35,200	2,730
Dún Mánmhaí	1,604	64,498	37,550	2,027
Mainistir Fhear Maí	2,653	76,689	70,350	3,368
Gleann Maghair	2,678	85,813	67,650	4,881
Ceann Toirc	1,211	45,345	35,800	1,928
Cionn tSáile	779	22,824	13,900	1,218
Ceanncheathrú Tagartha/Iasachta	802	25,357	26,200	3,546
Maigh Chromtha	2,352	70,298	73,400	7,005
Mala	4,299	116,559	134,550	14,047
Mainistir na Corann	4,545	107,690	138,250	9,430
Sráid an Mhuilinn	881	40,535	40,050	2,135
Baile Mhistéala	2,148	55,796	44,650	5,331
Áth Trasna	379	9,459	16,100	101
Oileán Chléire	58	1,656	2,100	1,093
An Pasáiste	404	13,973	10,300	209
An Scoil	459	8,690	8,200	720
Inis Arcáin	70	2,121	1,850	395
An Sciobairín	2,399	82,592	55,400	3,760
Eochaill	2,084	48,772	71,800	5,636
Leabharlann Soghluaiste 1	1,687	45,218	31,800	0
Leabharlann Soghluaiste 2	1,792	52,022	35,400	0
Leabharlann Soghluaiste Iarthar Chorcaí	1,456	53,854	47,050	0
Leabharlann Soghluaiste Mhainistir Fhear Maí	1,970	68,598	41,700	0
Leabharlann Soghluaiste Cheann Toirc	1,883	61,047	36,950	0
Closleabhair In-íoslódála		2,244		
Irisí In-íoslódála		384		
Wifi				239
IOMLÁN	58,424	1,761,508	1,681,400	97,861

AGUISÍN A 4 – PRÓIFÍL NA MBRAINSÍ

Brainse	Seoladh	Achar Urláir	Dáta Oscailte	Uaireanta Oscailte	Daonranah -Abhantraí
Baile an Chollaigh	Ionad Siopadóireachta an Bhaile	418	1998	FT	30,183
Bhaile Bhuirne	An Phríomhshráid, Baile Mhic Íre	93	2004	PT	2166
Droichead na Bandan	An Phríomhshráid Theas, Droichead na Bandan	186	1988	FT	11,561
Beanntraí	Sr. an Droichid, Beanntraí	465	1976	FT	6243
An Bhlarna	An Phríomhshráid, An Bhlarna	93	1997	FT	18,225
Carraig Uí Leighin	Bóthar Bhun an Tábhairne	372	2009	FT	24,291
Baile Chaisleáin Bhéarra	An Chearnóg, Baile Chaisleáin Bhéarra	71	2013	PT	3,830
An Ráth	An Phríomhshráid, An Ráth	232	1991	FT	5,925
Cloich na Coillte	Sráid Kent, Cloich na Coillte	225	1988	FT	7816
An Cóbh	Foirgneamh Áirse, Cearnóg Casement, An Cóbh	372	1984	FT	14,034
Ceanncheathrú Tagartha/Iasachta	Foirgneamh Leabharlann an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin	1,000	2009	FT	Neamhshainithe
Dún Mánmhaí	An Phríomhshráid, Dún Mánmhaí	279	1997	FT	4,851
Mainistir Fhear Maí	Sr. Connolly, Mainistir Fhear Maí	320	1969	FT	13,946
Gleann Maghair	Ionad Siopadóireachta Hazlewood	325	2004	FT	28,759
Ceann Toirc	An Phríomhshráid, Ceann Toirc	232	1998	FT	4,810
Cionn tSáile	An Eaglais Mheitidisteach, Cionn tSáile	62	1991	PT	11,355
Maigh Chromtha	Ionad Cultúrtha Briery Gap	232	2000	FT	9,306
Mala	Sráid an Dáibhisigh	743	2006	FT	18,468
Mainistir na Corann	An Phríomhshráid	372	1997	FT	26,185
Sráid an Mhuilinn	Oifigí na Comhairle, Sr. an Mhuilinn	99	1926	FT	5,262
Baile Mhistéala	Cúirt Sutton, Bóthar Chluain Meala, Baile Mhistéala	366	2011	FT	7,894
Áth Trasna	An tSráid Ard, Áth Trasna	61	2013	PT	4,905
Oileán Chléire	Cuan ó Thuaidh, Oileán Chléire	21	1999	PT	124
An Pasáiste	An tIonad Pobail	116	1991	PT	6,129
An Scoil	An Phríomhshráid Uachtarach, An Scoil	93	1981	PT	2,506
Inis Arcáin	An tIonad Pobail, Inis Arcáin	15	2003	PT	114
An Sciobairín	An tSráid Thuaidh, An Sciobairín	214	1992	FT	8,166
Eochaill	Siopalann Rivergate, An Phríomhshráid, Eochaill	232	2007	FT	9,252



urban
design&print

www.urbanprint.ie